Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Saincheisteanna Móra Bainistíochta Uisce in Éirinn

## Cáipéisí Comhairliúcháin Phoiblí



Ullmhaithe ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil
**tithiocht.gov.ie**

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Saincheisteanna Móra Bainistíochta Uisce in Éirinn

## Cáipéisí Comhairliúcháin Phoiblí

Ullmhaithe ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil
**tithiocht.gov.ie**

# Clár Ábhar


**Cuspóir an Chomhairliúcháin seo** 3

Conas atá an cháipéis seo struchtúraithe 3

Conas páirt a ghlacadh 3

An méid a dhéanfaimid le d'fhreagairt 4

Saoráil Faisnéise 4

Cad a tharlaíonn anois? 4

Córas Pleanála Bainistíochta Abhantraí 5

**Cuid 1:** Réamhrá 6

1.1 An Chreat-Treoir Uisce agus Pleananna Bainistíochta Abhantraí 6

1.2 Pleanáil Bainistíochta Abhantraí agus na Dúshláin Leanúnacha 7

1.2.1 Dúshláin leanúnacha 7

1.3 Tosca seachtracha a bhfuil machnamh le déanamh orthu nuair a bhíonn an tríú Plean Bainistíochta Abhantraí á ullmhú 9

**Cuid 2:** An bhail atá ar ár uiscí faoi láthair 10

2.1 Réamhrá 10

2.2 Uiscí dromchla 10

2.2.1 Stádas éiceolaíochta uiscí dromchla 10

2.2.2 Stádas ceimiceach uiscí dromchla 12

2.3 Screamhuisce 13

2.4 Limistéir Chosanta a bhraitheann ar Uisce 13

**Cuid 3:** Brúnna atá ar ár dtimpeallacht uisce 16

3.1 Brúnna atá ar ár n-uiscí 17

3.2 Dobharcheantair ardstádais Phoinc Ghoirm 17

**Cuid 4:** Saincheisteanna Móra Bainistíochta Uisce 19

Saincheist 1: Beartú Tosaíochta 20

Saincheist 2: Rannpháirtíochta Pobail 22

Saincheist 3: Pleanáil Úsáide Talún 24

Saincheist 4: Talmhaíocht 26

Saincheist 5: Athrú Aeráide 28

Saincheist 6: Truailliú Uiscí (fosfar agus nítrigin) 30

Saincheist 7: Athruithe Fisiciúla ar Uiscí Dromchla / Hidreamoirfeolaíocht (bacainní ina measc ar imirce éisc) 32

Saincheist 8: Sioltachán 34

Saincheist 9: Sláinte Phoiblí / Cáilíocht an Uisce Óil 36

Saincheist 10: Speicis Choimhthíocha Ionracha 38

Saincheist 11: Ceimiceáin Ghuaiseacha 40

Saincheist 12: Brúnna Uirbeacha 42

**Cuid 5:** Saincheisteanna Eile 44

**Cuid 6:** Cuimhnigh chun Freagairt - Teastaíonn d'ionchur uainn 45

## Liosta na bhFíoracha

Fíor 1 - Idirghníomhú an CTU le reachtaíocht eile an AE 6

Fíor 2 - Stádas éiceolaíochta uisce dromchla 2013-2018 10

Fíor 3 - Stádas éiceolaíochta uisce dromchla d'aibhneacha, lochanna, idiruiscí, uiscí cósta agus uisce dromchla 2013-2018 11

Fíor 4. - Céatadán d'athrú ar stádas éiceolaíochta uisce dromchla idir 2010 agus 2015 agus 2013-2018 11

Fíor 5 - Athrú ar gach ceann de na cúig chatagóir stádais an CTU i gcaitheamh trí thréimhse mheasúnaithe le haghaidh gach uisce dromchla. 12

Fíor 6- Stádas ceimiceach dobharlaigh uisce dromchla a ndéantar monatóireacht orthu, le agus gan substaintí uileláithreacha Tocsaineacha Imchoimeádacha agus Inbhithbhailithe (uTII), 2013-2018. 13

Fíor 7 - Dul chun cinn i dtreo cuspóirí a bhaint amach do dhobharlaigh a sainaithníodh amhail bheith i mBaol sa phlean bainistíochta abhantraí, agus dobharlaigh nua a tháinig chun solais trí mhonatóireacht a rinneadh le déanaí a ndíreofar orthu don chéad chóras eile. 16

Fíor 8 - Dul chun cinn i dtreo cuspóirí a bhaint amach do dhobharlaigh a sainaithníodh amhail bheith i mBaol sa phlean bainistíochta abhantraí, agus dobharlaigh nua a tháinig chun solais trí mhonatóireacht a rinneadh le déanaí a ndíreofar orthu don chéad chóras eile 18

**Buíochas:**
Ba mhaith leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil buíochas le iad siúd a chuidigh le foilsiú an doiciméid seo, lena n-áirítear LAWPRO agus an EPA a chuir roinnt de na híomhánna a úsáideadh ar fud an doiciméid ar fail.

# Cuspóir an Chomhairliúcháin seo

Tá an comhairliúchán seo mar chuid den idirchaidreamh níos fairsinge atá á dhéanamh le grúpaí páirtithe leasmhara agus comhairleacha maidir leis an tríú Plean Bainistíochta Abhantraí a chur le chéile d'Éirinn.

I ndiaidh gur foilsíodh an dá phlean roimhe seo, tá feabhas mór tagtha ar ár dtuiscint ar na dúshláin a chruthaíonn ár gcuid uiscí dúinn. Tá níos mó oibre le déanamh go fóill, áfach, chun riachtanais na Creat-Treorach Uisce a shásamh.

Céim thábhachtach chun cinn atá sa chomhairliúchán seo sa phróiseas seo, a sholáthraíonn an deis duit chun cur le cur chuige nua a fhorbairt chun dul i ngleic leis na saincheisteanna móra bainistíochta uisce in Éirinn, trí phlé ar roghanna a chur chun cinn maidir leis an méid ba cheart a dhéanamh, agus cé ar cheart é a dhéanamh, chun go mbaintear na torthaí is fearr amach.

Trí fhreagairt, cabhróidh tú chun bainistíocht na timpeallachta uisce, ar an iomlán, a mhúnlú. Cabhróidh an fhaisnéis a bhaileofar linn chun ullmhú don chéad chóras eile de na Pleananna Bainistíochta Abhantraí, trí thionchar a imirt ar ábhar an dréachtphlean atá le foilsiú faoi Nollaig 2021.

Cabhróidh freagairtí linn, chomh maith, chun breithniú a dhéanamh ar an gcur chuige a bhfuiltear ag tabhairt faoi, faoi láthair, chun uiscí na hÉireann a bhainistiú, agus tagairt ar leith á déanamh d'athrú aeráide agus don daonra atá i mbun fairsingiú.

## Conas atá an cháipéis seo struchtúraithe

Chuireamar roinnt fianaise ar fáil sa chomhairliúchán seo le tacú leis an méid a gceapaimid arb ionann é agus na dúshláin is mó atá roimh uiscí na hÉireann, agus tá cuntas tugtha againn ar roinnt réitigh fhéideartha chun dul i ngleic leis na saincheisteanna seo. Cuirtear nuashonruithe gearra ar fáil, chomh maith, maidir le bearta atá á gcur i bhfeidhm faoi láthair mar chuid den dara córas pleanála abhantraí a fhad le 2021.

Treorófar thú ar fud na cáipéise seo chuig foinsí eile níos mionsonraithe eolais, a chuirfidh an deis ar fáil duit chun fiosrú níos mionsonraithe a dhéanamh ar gach ábhar. Tá fáilte romhat, áfach, chun aighneacht a dhéanamh nach bhfuil bunaithe ach ar an eolas a chuimsítear sa cháipéis seo.

## Conas páirt a ghlacadh

Ní féidir linn cinneadh a dhéanamh sinn féin faoin méid ba cheart a dhéanamh maidir leis na saincheisteanna móra bainistíochta uisce. Teastaíonn uainn go nglacann gach earnáil páirt ann, lena chinntiú go dtéitear i mbun na ngníomhartha is cuí.

Agus do chuid dearcthaí á lorg ar na Saincheisteanna Móra Bainistíochta Uisce agus a réitigh fhéideartha, leagamar amach roinnt ceisteanna ar leith maidir le gach ceann de na dúshláin a dtugtar cuntas orthu i gCuid 4 den cháipéis seo.

Más mian leat an suirbhé seo a chomhlánú i nGaeilge, is féidir teimpléad freagartha comhairliúcháin a íoslódáil ón nasc sa mhír 'Cáipéisí' ar an leathanach gréasáin seo. Ba cheart teimpléid chomhlánaithe a sheoladh ar ríomhphost chuig: rbmp@housing.gov.ie

Mar rogha air sin, is féidir freagairtí a dhéanamh i scríbhinn chuig:

Comhairliúchán SMBU
An tAonad Comhairleach Uisce
An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil
Teach an Chustaim
Baile Átha Cliath 1
D01 W6X0

Ní gá duit freagairt do gach ceist sa chomhairliúchán. Má tá ábhar ar leith spéise agat, is fútsa atá sé gan ach na ceisteanna siúd a fhreagairt.

## An méid a dhéanfaimid le d'fhreagairt

Cuirfidh freagairtí eolas ar fáil don tríú córas den Phlean Bainistíochta Abhantraí d'Éirinn a fhorbairt. Tabhair faoi deara, le do thoil, cé nach bhfoilseoimid ainmneacha na ndaoine siúd a d'fhreagair, is féidir aighneachtaí a rinneadh a chur ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne. I gcás ar bith, beidh gach aighneacht a fhaightear faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise agus na reachtaíochta um Chosaint Sonraí. Tá cóip de Ráiteas Príobháideachais Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar fáil ag www.housing.gov.ie.

## Saoráil Faisnéise

Is féidir gach aighneacht agus tuairim a sheoltar chuig an Roinn ar an gcuspóir seo a scaoileadh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise (SF), 2014 agus faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol), 2007-2014. Bíonn aighneachtaí faoi réir na reachtaíochta um Chosaint Sonraí, chomh maith.

Níor cheart eolas pearsanta, rúnda ná eolas atá íogair i dtaobh cúrsaí tráchtála de a chur san áireamh i d'aighneacht agus measfar go bhfuil an t-eolas go léir i d'aighneacht inscaoilte faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014.

## Cad a tharlaíonn anois?

Beidh an comhairliúchán seo ar siúl ón 21 Nollaig 2019 go dtí an 21 Meitheamh 2020 agus tugann sé faoi na trí chuspóir seo a leanas a bhaint amach:

- Cur síos a dhéanamh ar na Saincheisteanna Móra Bainistíochta Uisce ar gá uainn dul i ngleic leo
- Cuntas a thabhairt ar réitigh fhéideartha ar na Saincheisteanna Móra Bainistíochta Uisce
- An deis a thabhairt duit chun tionchar a imirt ar an gcur chuige a glacadh

Folseofar achoimre ar na freagairtí a fhaightear nuair a thabharfar an próiseas comhairliúcháin chun críche.


Go ceann dhá bhliain, beidh cuspóirí á leagan amach ag an Roinn a chuimseofar sa tríú Córas den Phlean Bainistíochta Abhantraí, anuas ar na gníomhartha a theastaíonn ón Rialtas, comhlachtaí poiblí, gnólachtaí, talmhaíocht, pobail agus gach úsáideoir uisce. Tugtar cuntas thíos ar shonraí faoin bpróiseas seo;

## Córas Pleanála Bainistíochta Abhantraí

| Céim | Dáta | Cuspóir |
|---|---|---|
| **Amchlár agus Clár Oibre** | Eanáir 2019<br>6 mhí | **"Na príomhchéimeanna agus na garspriocanna i dtreo an chéad PBA a ullmhú."**<br>Na príomhchéimeanna sa 3ú PBA a chur le chéile agus bearta lena chinntiú go mbíonn an pobal bainteach sa phróiseas comhairliúcháin. |
| **Saincheisteanna Móra Bainistíochta Uisce – Rannpháirtíocht** | Iúil 2019<br>6 mhí | **"Na saincheisteanna bainistíochta uisce is mó, agus réitigh fhéideartha a shainaithint"**<br>Fianaise a bhailiú i leith brúnna a imríonn tionchar faoi láthair ar ár ndobharlaigh agus réitigh fhéideartha. |
| **Saincheisteanna Móra Bainistíochta Uisce – Comhairliúchán** | Nollaig 2019<br>6 mhí | **"Ar sainaithníodh na Saincheisteanna Móra i gceart agus cad iad na réitigh?"**<br>Le tacaíocht ó fhianaise, tabhair cuntas ar na rioscaí i leith dobharlach nach dóchúil go mbainfidh siad a gcuspóirí amach agus lorg comhaontú ar ghníomhartha a dtugtar tús áite dóibh. |
| **Rannpháirtíocht leantach** | Iúil 2020<br>6 mhí | Déanfaidh an Roinn breithniú ar fhreagairtí ón gcomhairliúchán agus éascóidh sí comhairliúchán breise le páirtithe leasmhara, nuair is gá, maidir le limistéir a bhféadfadh plé breise a bheith ag teastáil uathu. |
| **Plean Bainistíochta Abhantraí – Comhairliúchán** | Nollaig 2020<br>6 mhí | **"An dtéitear i ngleic sa phlean leis na dúshláin is gá chun ár gCuspóirí de chuid an CTU a bhaint amach?"**<br>Cuspóirí a bheartú dár dtimpeallacht uisce agus ina dtugtar cuntas ar cé a bheidh bainteach chun na torthaí seo a bhaint amach. |
| **Rannpháirtíocht leantach** | Iúil 2021<br>6 mhí | Déanfaidh an Roinn breithniú ar fhreagairtí ón gcomhairliúchán agus éascóidh sí comhairliúchán breise le páirtithe leasmhara, nuair is gá, maidir le limistéir a bhféadfadh plé breise a bheith ag teastáil uathu. |
| **Plean Bainistíochta Abhantraí – Foilsiú** | Nollaig 2021 | **"Plean Deiridh chun dul i ngleic le saincheisteanna."**<br>Úsáidfear an plean seo mar chreat chun pleanáil agus bearta sonracha a stiúradh chun ár gcuspóirí de chuid an CTU a bhaint amach. |

# Cuid 1: Réamhrá

## 1.1 An Chreat-Treoir Uisce agus Pleananna Bainistíochta Abhantraí




**Fíor 1 -** Idirghníomhú an CTU le reachtaíocht eile an AE

Bunaítear sa Chreat-Treoir Uisce[1] (an CTU) creat dlíthiúil chun uisce glan a chosaint agus a athchóiriú ar fud na hEorpa agus lena úsáid fhadtéarmach inbhuanaithe a chinntiú. Teastaíonn cur chuige comhtháite uaidh (i.e. i measc na n-earnálacha go léir, talmhaíocht, tionscal, beartas spásúlachta etc. ina measc) i leith bainistíocht agus cosaint inbhuanaithe acmhainní uisce. Imríonn sé tionchar ar réimse éagsúil pleananna agus rialacháin chomhshaoil agus imríonn siad a chomhionann de thionchar air, chomh maith. Dúshlán ar leith is imeascadh aidhmeanna uile na bpleananna uile seo a chinntiú agus pléitear é seo níos déanaí sa mhír seo.

Iarrann an CTU go ndéanann Ballstáit pleananna bainistíochta abhantraí i measc na dtrí chóras pleanála abhantraí (2009-2015, 2016-2021 agus 2022-2027) nach mór bearta bainistíochta a chur i bhfeidhm lena linn chun dea-stádas éiceolaíochta a bhaint amach i ngach uisce. Cuirfidh cáilíocht mhaith uisce a bhaint amach, tríd an gclár beart, chomh maith, le sláinte daoine a chosaint trí fheabhas a chur ar cháilíocht foinsí uisce óil agus uiscí snámha.

In Iúil 2010, foilsíodh Pleananna Bainistíochta Abhantraí (PBAanna) d'Éirinn den chéad chóras, a chumhdaíonn an tréimhse a fhad le 2015. Bhí seo mar thoradh ar go leor blianta de dhícheall maidir le monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar uiscí dromchla agus screamhuiscí na hÉireann, na huiscí a rangú de réir a stádais cháilíochta, agus cuspóirí a leagan amach ag féachaint leis na huiscí seo a chosaint agus a fheabhsú de réir an CTU.

Nuair a foilsíodh an PBA den dara córas, bhí moill dhá bhliain ar Éirinn de réir na n-amfhrámaí a leagadh amach san CTU, go príomha mar gheall ar athchóiriú mór ar an earnáil uisce ag an am. Ar an ábhar sin, tá an PBA reatha i bhfeidhm ar feadh 4, seachas 6 bliana. Ba cheart go gcuirfeadh struchtúir nua rialachais agus próisis níos fearr um chur i bhfeidhm ná iad siúd a bhí sa chéad chóras ar shárchumas na hÉireann chun torthaí bríocha a bhaint amach sa chóras seo, agus ba cheart go gcabhróidís le feabhsúcháin a bhaint amach ar cháilíocht an uisce a dhéanfar a bhrostú sa tríú córas.

1 https://ec.europa.eu/environment/water/water-framework/index_en.html

Tá obair ar siúl anois ar an PBA den tríú córas a ullmhú a chumhdaíonn an tréimhse a fhad le deireadh 2027. Déanfar cur síos san PBA ar na príomhbhrúnna agus na príomhghníomhaíochtaí a dhéanann difear do stádas uisce, leagfar amach ann na cuspóirí comhshaoil a bhainfear amach a fhad le 2027 agus sainaithneofar ann na bearta a theastaíonn chun na cuspóirí seo a bhaint amach. Foilseofar dréacht-PBA faoi Nollaig 2020 agus tabharfar an plean chun críche faoi dheireadh 2021.

Tá an CTU nasctha le roinnt treoracha eile AE ar roinnt bealaí. Áirítear leo seo treoracha a bhaineann le cosaint na bithéagsúlachta (na Treoracha maidir le Gnáthóga agus Éin), treoracha a bhaineann le húsáidí ar leith a bhaint as uiscí (treoracha maidir le huisce óil, uiscí snámha agus fuíolluisce uirbeach) agus le treoracha a bhaineann le gníomhaíochtaí a rialáil faoina dtugtar sa chomhshaol (treoracha maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha agus Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol). Cruthaíonn an Treoir maidir le Níotráit cuid lárnach den CTU agus tá sé ar cheann de na príomhionstraimí chun uiscí a chosaint in aghaidh brúnna talmhaíochta.

Saincheist leanúnach is ea comhtháthú comhsheasmhach beartais idir an próiseas Pleanála Bainistíochta Abhantraí agus pleananna eile náisiúnta agus áitiúla agus saincheist atá ann a shainaithin páirtithe leasmhara seachtracha mar thosaíocht. Dúshlán leanúnach is ea naisc chomhsheasmhacha agus dhaingne a chruthú idir limistéir bheartais éagsúla, cibé acu má i gcomhthéacs comhshaoil, geilleagrach nó sóisialta atá sé. Dúshlán é seo nach mór dúinn dul i ngleic leis nuair a bhíonn an chéad PBA á fhorbairt againn agus cabhróidh sinn, tríd an plean den tríú córas a cheangal le Plean Oiriúnaithe don Aeráid, Pleanáil Spásúil Mhuirí, Pleananna Bainistíochta Riosca i gCás Tuilte, Pleananna Gníomhaíochta Bithéagsúlachta, etc. chun tairbhí iomadúla a bhaint as na bearta a cuireadh i bhfeidhm faoi gach limistéar beartais gaolmhara.

## 1.2 Pleanáil Bainistíochta Abhantraí agus na Dúshláin Leanúnacha

Próiseas casta agus dúshlánach is ea pleanáil bainistíochta abhantraí a dteastaíonn ionchur agus rannpháirtíocht uaidh ó gach páirtí leasmhar chun go mbeidh an rath air. Is é cuspóir pleananna bainistíochta abhantraí ná torthaí tairbhiúla a bhaint amach don timpeallacht agus don tsochaí níos fairsinge ar bhealach atá comhsheasmhach le spriocanna fadtéarmacha comhshaoil agus atá cothrom agus cost-éifeachtúil don tsochaí ina hiomláine.

Cuirfidh gníomhartha chun dul i ngleic le saincheisteanna móra a tugadh chun solais sa pháipéar comhairliúcháin seo leis an dea-obair a rinneadh tríd an gcéad dá chóras de phleanáil bainistíochta abhantraí agus leanfaidh siad leis an gcomhoibriú fadtéarmach i measc na n-earnálacha go léir atá bainteach sa phróiseas seo. Nuair a leagaimid béim ar an méid a gceapaimid gurb ionann é agus saincheisteanna móra bainistíochta uisce sa chomhairliúchán seo, tá páirtithe leasmhara ar spéis leo á lorg againn, chomh maith, chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Machnamh a dhéanamh ar an obair a rinneadh go dtí seo chun dul i ngleic leis na saincheisteanna,
- Féachaint chun cinn a fhad le deireadh an chéad chórais eile (2027), agus na dúshláin atá romhainn amach á gcur san áireamh sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma, agus
- A n-aiseolas a thabhairt chun cabhrú linn freagairtí cuí a fhorbairt do na saincheisteanna casta agus a bhíonn gaolmhara go minic.

### 1.2.1 Dúshláin leanúnacha

Is é cuspóir an phróisis chomhairliúcháin ar Shaincheisteanna Móra Bainistíochta Uisce, i ndeireadh na dála, comhaontú a bhaint amach ar cá ndéanfar iarracht agus acmhainní breise a dhíriú i rith an tríú córas pleanála abhantraí. I dturas an ama, leantar le gníomhú i leith saincheisteanna eile a sainaithníodh i rith an dara córas tríd an gclár beart.

Tá monatóireacht dhlúth á déanamh ar chur i bhfeidhm an dara córas beart ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (an GCC) lena chinntiú go dtarlaíonn siad agus lena n- éifeachtacht a dheimhniú. Déanann an GCC tuairisciú leis an gCoiste Comhairleach Beartas Uisce a sholáthraíonn treoir beartais ardleibhéil agus monatóireacht ar chur i bhfeidhm lena chinntiú go mbaintear amach na cuspóirí comhshaoil a leagtar amach sa phlean abhantraí, ar deireadh thiar. Leagtar amach na bearta seo sa dara PBA. Go hachomair, áirítear an méid seo a leanas leis na príomhbhearta;

- Cuireadh struchtúir nua rialachais idir leibhéal náisiúnta agus réigiúnach i bhfeidhm chun an próiseas pleanála abhantraí a bhainistiú.
- Tá infheistiú á dhéanamh ag Uisce Éireann i mbailiú agus cóireáil dramhaíola uirbí do 255 tionscadal cóireála fuíolluisce i gceantair uirbeacha,

- Tá creat nua reachtaíochta á bhunú chun bainistíocht inbhuanaithe a dhéanamh ar astarraingtí uisce. Cláraíodh 1,530 astarraingt D'fhaomh an Chomh-Aireacht Bill um Thimpeallacht Uisce (Astarraingtí), le déanaí. Foráiltear sa Bhille do chóras údaraithe chun gach astarraingt shuntasach uisce a rialú i gcomhlíonadh naCreat-Treorach Uisce. Tá súil leis go ndéanfaidh an GCC an córas údaraithe a oibriú.
- Tá Uisce Éireann ag oibriú chun an t-ardleibhéal reatha de sceitheadh ón líonra agus d'uisce nár cuireadh i gcuntas (45% den uisce go léir a iontrálann an líonra soláthair).
- Tá 353 measúnú riosca uisce óil poiblí á n-ullmhú ag Uisce Éireann agus tá pleananna um chosaint foinse á gcríochnú ag Cónaidhm Náisiúnta na nGrúpscéimeanna Uisce do bhreis agus 300 grúpscéim uisce a dhéantar scéim a fhoinsiú go príobháideach agus a rialáil.
- Tugadh tús áite do 190 Limistéir le haghaidh Gnímh, ar an iomlán, go náisiúnta go dtabharfar aird ar leith orthu i rith an chórais seo (2018-2021). Áirítear leo seo, 726 abhantrach, ar an iomlán. Baineann cur chuige ildisciplíneach agus trasghníomhaireachta le gníomhartha.
- Tá Clár nua Uisce an Údaráis Áitiúil (CUÚÁ) i bhfeidhm anois agus tá 60 ball foirne nua aige. Díríonn an acmhainn nua seo ar bhearta maolaithe a chomhordú agus a chur chun cinn i 190 Limistéar a dtugtar tús áite dóibh le haghaidh Gnímh.
- Leantar le hathbhreithniú agus feabhsú a dhéanamh ar na Rialacháin um Dhea-Chleachtas Talmhaíochta. Leagtar amach sna rialacháin na rialacha maidir le gach aoileach beostoic agus leasachán eile a bhainistiú agus a scaipeadh ar thalamh thalmhaíochta.
- Tá díriú méadaithe ar aistriú eolais á sholáthar ag an gClár nua Tacaíochta Inbhuanaitheachta agus Comhairleach atá dírithe ar athrú iompraíochta a chur chun cinn i dtreo cleachtais feirmeoireachta níos inbhuanaithe dá mhéid le 5,000 feirmeoir laistigh de na 190 Limistéar le haghaidh Gnímh. Anuas air sin, cuirfear comhairle ar 18,000 feirmeoir faoi chleachtais feirmeoireachta inbhuanaithe faoin Tionscnamh Inbhuanaitheachta Déiríochta.
- Leanann an Plean Cigireachta Náisiúnta um Chórais Chóireála Uisce Tí (2018-2021) le feabhsúcháin a chur chun cinn i bhfeidhmiú córas, agus thug údaráis áitiúla faoi bhreis agus 4,000 cigireacht i gcaitheamh na tréimhse seo. Tá an scéim deontais chun córais lochtacha á shíneadh chun tús áite a thabhairt do limistéir chun tacú leis an bPlean Bainistíochta Abhantraí a chur i bhfeidhm.
- Tá freagracht fhoriomlán ar Sheirbhís Foraoise na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara (an RTBM) as gníomhaíochtaí foraoiseachta a bhainistiú in Éirinn. Tá roinnt beartais nuálacha agus éifeachtacha nua deartha atá in ainm is dobharlaigh a chosaint ó thionchair dhiúltacha leagain crann agus cláir foraoisithe araon. Anuas air sin, cuirfidh scéim nua foraoiseachta ar a dtugtar 'Coillearnach don Uisce', agus cuirfidh treoirlínte nua comhshaoil do ghníomhaíochtaí soiléire leagain go dearfach i dtreo cleachtais níos inbhuanaithe foraoiseachta, cosaint agus athchóiriú uisce ina measc.
- Tá deireadh á chur ag Bord na Móna de réir a chéile le móin a bhaint chun fuinneamh a tháirgeadh faoin mbliain 2030. Tá súil aige 9,000 heicteár de lagphortaigh a athshlánú (a chuimsíonn 25 talamh phortaigh).
- Tá treoir d'údaráis pleanála ar phleanáil fhisiciúil agus an CTU á hullmhú agus rachfar i gcomhairle leis i rith 2020.
- Tá obair ar bun faoi láthair faoi stiúir na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil agus Iascaigh Intíre Éireann chun feabhas a chur ar an mbainistíocht a dhéantar ar athrú fisiciúil ar dhobharlaigh dhromchla (e.g. bacainní ar imirce éisc, oibríochtaí draenála, bonneagar fisiciúil in uisce nó i ngar dó).
- Bhunaigh CUÚÁ Ciste Forbartha Uisce Pobail chun tacú le tionscnaimh uisce pobail áitiúla, agus díriú ar leith ar bhearta atá ar aon dul leis na gníomhartha a dtugtar tús áite dóibh sa Phlean seo.
- Bhunaigh údaráis áitiúla Clár na bPonc Gorm chun brúnna i ndobharcheantair ardstádais a bhainistiú. Anuas air sin, tá tús díreach curtha le Tionscadal Comhtháite mórscála LIFE atá cistithe ag an AE ar a dtugtar "Waters of LIFE" agus tacóidh sé le tionscnamh Chlár na bPonc Gorm. Tá buiséad iomlán thart ar €20.2 milliún ag an tionscadal agus beidh sé ar siúl i gcaitheamh 7 mbliana.

## 1.3 Tosca seachtracha a bhfuil machnamh le déanamh orthu nuair a bhíonn an tríú Plean Bainistíochta Abhantraí á ullmhú

Tá roinnt tosca seachtracha ann is cúis le gné éiginnteachta nuair a bhíonn an tríú Plean Bainistíochta Abhantraí á ullmhú. Áirítear leo seo seiceáil oirúnachta na Creat-Treorach Uisce faoinar thug an Coimisiún Eorpach agus aistarraingt fhéideartha na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach (ar a dtugtar BREXIT go minic).

D'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach treoirphlean do sheiceáil oiriúnachta an CTU agus a cuid 'comh-threoracha' go déanach in 2017. Is iad an Treoir maidir le Caighdeáin Cháilíochta Comhshaoil 2008 agus an Treoir maidir le Screamhuisce 2006 na comh-Threoracha. Cuireadh an Treoir maidir le Tuilte san áireamh, chomh maith, sa tseiceáil oiriúnachta mar gheall go gcruthaíonn sé cuid lárnach den chur chuige foriomlán i leith bainistíocht uisce ar leibhéal an AE.

Is é cuspóir na seiceála oiriúnachta chun measúnú a dhéanamh ar cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an creat rialála "oiriúnach don fheidhm". Is é an sprioc chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht, éifeachtúlacht, comhtháthú, ábharthacht agus breisluach reachtaíocht uisce an AE.

Beidh mar aidhm aige a mhíniú conas agus a mhéid a chuir na Treoracha éagsúla le bainistíocht fheabhsaithe uisce agus déanfaidh sé bainistíocht, chomh maith, ar an bhféidearthacht chun rialáil a shimpliú agus chun an t-ualach a laghdú.

D'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil mheastóireachta na seiceála oiriúnachta an 12 Nollaig 2018 agus bhain siad an tátal as go bhfuil na Treoracha oiriúnach don fheidhm, agus gur féidir feabhas áirithe a chur orthu. Tugtar le fios ann gur baineadh leibhéal níos airde de chosaint amach do dhobharlaigh agus de bhainistíocht riosca i gcás tuilte, a bhuíochas leis na Treoracha, ná mar a bhféadfaí súil a bheith leis gan iad. Tugtar le fios, chomh maith, gurb iad na príomhchúiseanna nár baineadh cuspóirí an CTU amach go hiomlán go fóill ná cistiú neamhleor, cur i bhfeidhm mall agus gan cuspóirí comhshaoil a chomhtháthú go neamhleor sna beartais earnála, seachas in easnaimh sa reachtaíocht. Luaitear sa tseiceáil oiriúnachta, chomh maith, gur féidir súil a bheith leis go mbeidh dul chun cinn i dtreo stádas maith a bheith mall ach réidh. Glacfaidh an chéad bhabhta eile de chláir le príomhról maidir leis an dul chun cinn riachtanach a chinntiú i dtreo na gcuspóirí comhshaoil a bhaint amach faoin spriocdháta 2027. Baintear an tátal as sa tseiceáil oiriúnachta go bhfuil na dúshláin atá roimh Bhallstáit atá níos substaintí agus go mbeidh ar an gCoimisiún leanúint chun oibriú le Ballstáit agus cabhrú leo feabhas a chur ar chur i bhfeidhm na dTreoracha ar an gcostas is ísle agus is féidir, e.g. trí dhea-chleachtais ar aisghabháil costais a roinnt, truailleáin a laghdú ag an bhfoinse, bonneagar glas agus cinn eile. Beidh toradh na seiceála oiriúnachta le cur san áireamh nuair a bhíonn an dréachtphlean a ullmhú i rith 2020.

Maidir le BREXIT, tá éiginnteacht mhór ann go fóill. Cé go bhféadfadh seo tionchar a imirt ar ullmhú an tríú plean in Éirinn, d'fhéadfadh nach n-imreodh sé tionchar suntasach. Roinntear dhá cheantar abhantraí (CA) le Tuaisceart Éireann. Tá 35 dobharlach comhroinnte ag CA Idirnáisiúnta Loch nEathach-na Banna as 407 ceann, ar an iomlán. Tá 85 dobharlach comhroinnte ag CA Idirnáisiúnta an Iarthuaiscirt as 1,232 ceann, ar an iomlán. I ndiaidh comhairliúchán poiblí in 2003 maidir le CAIanna, cuireadh socruithe riaracháin i bhfeidhm chun an CTU a chur i bhfeidhm. Tá súil leis go leanfar leis na socruithe seo i bhfoirm éigin amach anseo. Rinneadh an CTU a thransuí i dTuaisceart Éireann trí na Rialacháin um Thimpeallacht Uisce (an Chreat-Treoir Uisce) (Tuaisceart Éireann), 2017, a leanfaidh leis an gcuspóir chun bainistíocht sruthchúrsaí a chomhordú ar bhonn trasteorann don todhchaí intuartha. Tá stair fhada chomhoibrithe idir údaráis ó thuaidh agus ó dheas i dtaobh dobharcheantair chomhroinnte a bhainistiú. Tá sé i gceist againn leanúint leis an gcomhoibriú seo amach anseo gan aird ar thoradh BREXIT sa Ríocht Aontaithe.

# **Cuid 2:** An bhail atá ar ár uiscí faoi láthair

## **2.1** Réamhrá

Déantar measúnú ar an mbail atá ar ár n-uiscí faoi láthair in aghaidh na gcaighdeán agus na gcuspóirí comhshaoil a leagtar amach sa Chreat-Treoir Uisce agus i reachtaíocht an AE eile an AE a bhaineann le huisce. Bailíodh faisnéis ó 2,703 dobharlach uisce dromchla (aibhneacha, lochanna, canálacha, idiruiscí (inbhir) agus uiscí cósta) agus ó 514 dobharlach screamhuisce i gcaitheamh na tréimhse 2013-2018.


## **2.2** Uiscí dromchla

Déantar measúnú ar cháilíocht uiscí dromchla agus súil a caitheamh ar réimse d'orgánaigh éagsúla uisceacha a gcuireann a láithreacht agus a bhflúirse eolas ar fáil dúinn faoi shláinte éiceolaíochta na ndobharlach éagsúil. Áirítear leis na gnéithe cáilíochta bitheolaíche seo fíteaplanctón, macralga, plandaí uisceacha, maicrinveirteabraigh agus iasc. Déantar measúnú, chomh maith, ar chumas an dobharlaigh chun tacú le pobail éagsúla bhitheolaíocha. Úsáidtear eolas faoin mbitheolaíocht agus dálaí cáilíochta fisicicheimiceacha agus hidreamoirfeolaíocha a thacaíonn leis chun measúnú a dhéanamh ar an stádas éiceolaíochta a léiríonn sláinte éiceolaíochta na n-uiscí seo.

### **2.2.1** Stádas éiceolaíochta uiscí dromchla


Tugann stádas éiceolaíochta le fios má tá nó mura bhfuil díobháil á déanamh do dhobharlach nádúrtha ag truailliú nó díghrádú gnáthóige. Ní léiríonn uiscí a bhfuil stádas ard agus maith éiceolaíochta acu ach athruithe beaga nó mionathruithe ó dhálaí nádúrtha. Ach déanann truailliú nó díghrádú gnáthóige díobháil idir measartha agus trom ar uiscí nach bhfuil stádas maith acu (measartha, lag, drochstádas).

Ar an iomlán, tá sláinte shásúil éiceolaíochta ag 53% de na dobharlaigh uisce dromchla a dhéantar a mheasúnú agus tá stádas maith nó ard éiceolaíochta acu. Tá stádas measartha, lag nó drochstádas ag na 47% eile de dhobharlaigh uisce dromchla (Fíor 2).





**Fíor 2 -** Stádas éiceolaíochta uisce dromchla 2013-2018

Tá in uiscí cósta an chomhréir is airde de dhobharlaigh a bhfuil stádas maith nó ard éiceolaíochta acu (80%), aibhneacha (53%), lochanna (50.5%) agus inbhir (38%) (Fíor 3) ina ndiaidh.





**Fíor 3 -** Stádas éiceolaíochta uisce dromchla d'aibhneacha, lochanna, idiruiscí, uiscí cósta agus uisce dromchla 2013-2018

Níor tháinig athrú ar a stádas i measc beagán de bhreis ar dhá thrian nó 68.2% de dhobharlaigh (1,825) ó rinneadh an measúnú deireanach in 2010-2015, agus tháinig laghdú ar 18% díobh (483) agus tháinig feabhas ar 13.6% (368) díobh (Fíor 3). B'éard a d'eascair as seo ná glanmheath foriomlán ar 115 dobharlach uisce dromchla nó 4.4%. Chuir an meath a tháinig ar dhobharlaigh, ar tháinig meath 5.5% orthu, é seo chun cinn, go príomha. Ba iad an t-aon chatagóirí uisce dromchla a léirigh glanfheabhsú ar cháilíocht an uisce ná uiscí cósta (glanfheabhsú ar 2 dhobharlach cósta) agus lochanna (glanfheabhsú ar 12 loch).




**Fíor 4. -** Céatadán d'athrú ar stádas éiceolaíochta uisce dromchla idir 2010 agus 2015 agus 2013-2018

I dtaobh athrú i measc na gcúig chatagóir stádais, ar díol suntais é, tá an meath a tháinig ar an gcomhréir de dhobharlaigh ardstádais, atá laghdaithe anuas ó 12.9% (324 dobharlach) in 2007-2009 (an chéad mheasúnú bonnlíne a rinneadh faoin CTU) go dtí 8.5% (230 dobharlach) in 2013-2018 agus an méadú ar an gcomhréir de dhobharlaigh drochstádais, an chéad aicme is measa atá truaillithe i ndiaidh drochstádais, atá méadaithe aníos ó 14.8% (370 dobharlach) in 2007-2009 go dtí 17.9% (485 dobharlach) in 2013-2018. Is ionann seo agus meath suntasach ar an líon dár ndobharlaigh is lú a imrítear tionchar orthu agus méadú arb ábhar buartha é, ar an líon dobharlaigh atá an-truaillithe.




**Fíor 5 -** Athrú ar gach ceann de na cúig chatagóir stádais an CTU i gcaitheamh trí thréimhse mheasúnaithe le haghaidh gach uisce dromchla.

Tá beagnach gach treocht dhiúltach curtha chun cinn ag athruithe ar cháilíocht uisce abhann. Tugann an méadú substainteach a tháinig ar an líon dobharlaigh abhann a bhfuil drochstádas acu, ar tháinig méadú an tríú cuid orthu (nó 111 dobharlach) ó 2007-2009 le fios go tréan go bhfuil cáilíocht uisce abhann ag dul in olcas. Ag an mbun eile den speictream, tá meath ag teacht, chomh maith, ar na dobharlaigh is airde cáilíocht. Tá meath 49 tagtha ar an líon dobharlaigh ardstádas éiceolaíochta ón tréimhse 2010-2015 agus tá meath beagnach an tríú cuid (nó 91 dobharlach) tagtha ó 2007-2009.

Déanann seo an meath ginearálta atá tugtha faoi deara inár n-uiscí abhann a bhfuil an cháilíocht bhitheolaíoch bainte amach acu a thabhairt chun solais (C5, C4-5) níos mó ó thráth déanach sna 1980idí.2 Tugadh an meath sna huiscí seo faoi deara le roinnt blianta anuas, agus tá meath anuas ó 29.6% de shuíomhanna i 1987-1990 tagtha go dtí 17.2% sa mheasúnú seo. Laistigh den ghrúpáil seo, tá caillteanas drámatúil faoi dheich tugtha faoi deara, chomh maith, i measc á suíomhanna abhann is glaine (C5), anuas ó 12.6% de na suíomhanna i 1987-1990 go dtí 0.7% de shuíomhanna in 2016-2018. Is ionann anois an líon suíomhanna C5 atá fágtha agus díreach 20 – arb é seo an líon is ísle riamh.


### 2.2.2 Stádas ceimiceach uiscí dromchla

Déantar measúnú, chomh maith, in aghaidh láithreacht substaintí ceimiceacha ar a dtugtar substaintí a dtugtar tús áite dóibh nó substaintí guaiseacha a dtugtar tús áite dóibh, chomh maith, in aghaidh réimse caighdeáin cháilíochta comhshaoil (CCCanna). Tá na caighdeáin seo socraithe ar leibhéil chun na horgánaigh uisceacha is íogaire a chosaint agus chun iad siúd atá níos airde ar an slabhra bia a chosaint (creachadóirí agus daoine) óna n-éifeachtaí díobhálacha. Sainítear uiscí a bhfuil dlús acu atá faoi bhun an CCC do na substaintí seo amhail dea-stádas ceimiceach a bheith acu. Bailíodh eolas ó na substaintí seo ó líonra ionadaíoch dobharlach ina bhfuil 181 dobharlach abhann, 98 loch, 33 idiruisce agus 12 uisce cósta.

As na 324 dobharlach uisce dromchla a measúnaíodh, tá stádas maith ceimiceach ag 75% díobh i ndiaidh dóibh a gcaighdeáin cháilíochta comhshaoil faoi seach a bhaint

2 Córas Rangaithe Cáilíochta an GCC: Úsáidtear é chun measúnú a dhéanamh ar cháilíocht uisce aibhneacha in Éirinn, tomhas ar cháilíocht is ea an C-innéacs (an Cháilíocht-innéacs) idir C1-C5 nuair is é C1 an cháilíocht is ísle agus nuair is ionann C5 agus neamhthruaillithe.

amach (Figiúr 5). Tá drochstádas ceimiceach ag an 25% eile d'uiscí a ndéantar monatóireacht orthu, i ndiaidh gur theip orthu i dtaobh substaintí ar nós mearcair, hidreacharbóin phola-aramatacha (HPAanna) agus éitear polabróimínithe défheinil (ÉPBDanna). Nuair a fhágtar substaintí ar lár a bhfuil teacht fairsing orthu sa timpeallacht, ar nós mearcair agus HPAanna, tagann laghdú anuas go dtí 1% ar an gcéatadán de dhobharlaigh uisce dromchla chun dea-stádas ceimiceach go dtí 1%. Is féidir teacht ar na substaintí seo, arb eol gur substaintí uileláithreacha iad, sa timpeallacht go leor blianta i ndiaidh gur cuireadh bearta i bhfeidhm chun iad a laghdú nó a dhíothú. Is féidir go leor díobh, chomh maith leis sin, iompar fadacapable of fadraoin a dhéanamh, a chiallaíonn nach dóchúil gur saincheisteanna áitiúla is cúis le sáruithe i ndobharlach ná fiú sa dobharcheantar máguaird, go deimhin féin.




**Fíor 6-** Stádas ceimiceach dobharlaigh uisce dromchla a ndéantar monatóireacht orthu, le agus gan substaintí uileláithreacha Tocsaineacha Imchoimeádacha agus Inbhithbhailithe (uTII), 2013-2018.

## 2.3 Screamhuisce

Caithfidh dobharlaigh screamhuisce dea-stádas ceimiceach agus dea-stádas cainníochtúil a bhaint amach. Ar an iomlán, tá dea-stádas ceimiceach agus cainníochtúil bainte amach ag 92% de dhobharlaigh screamhuisce (474 as 514) (Fíor 2). Tá stádas lag ceimiceach ag tríocha a hocht dobharlach screamhuisce, go príomha mar gheall ar éilliú stairiúil a dhéantar ar shuíomhanna dramhaíola agus tionsclaíocha, ar theip orthu mar gheall go raibh substaintí ar nós níotráite, amóinia, tuaslagóirí clóirínithe, miotail agus hidreacharbón iontu. Níor theip ach ar 2 dhobharlach cuspóir an stádais chainníochtúil a bhaint amach.

## 2.4 Limistéir Chosanta a bhraitheann ar Uisce

### Uiscí snámha

Lorgaíonn an leagan leasaithe den Treoir maidir le hUiscí Snámha, a tháinig i bhfeidhm in 2014, chun an baol atá roimh snámhóirí a laghdú agus chun cosaint sláinte dhaonna a fheabhsú trí chaighdeáin níos déine a thabhairt isteach le haghaidh cháilíocht an uisce snámha agus cur chuige nua a thabhairt isteach i leith measúnú. an measúnú a dhéanamh ar cháilíocht an uisce snámh anois ana sonraí monatóireachta don séasúr reatha agus do na séasúir snámha roimhe seo (ar bhonn rollach), seachas gan ach díriú ar an séasúr snámha is déanaí.

In 2018, rinneadh 145 uisce snámha a mheasúnú agus a chatagóiriú isteach i gceithre chatagóir bunaithe ar an méid a chomhlíon siad caighdeáin a bhaineann le héilliú baictéarach (E. coli agus Enterococci stéigeach). Faoin gcóras, déantar uiscí a rangú isteach i gceithre phríomhchatagóir (sármhaith, maith, dóthanach agus lag). As na 145 uisce snámha a measúnaíodh in 2018, rangaítear 103 amhail sármhaith, 22 mar mhaith agus 12 mar dhóthanach. Rangaíodh cúig uisce snámha mar Lag, i gcomparáid le seacht gcinn in 2017. Tá trí cinn díobh seo i gceantar Bhaile Átha Cliath (Dumhach Thrá, Trá Mhuirfean agus

Port Reachrann (Trá an tSrutháin)). Is iad an dá cheann eile Lilliput (Loch Ainninn) i gContae na hIarmhí agus an Clochán, Contae na Gaillimhe.

### Limistéir atá íogair i dtaobh cothaithigh

Uiscí dromchla iad limistéir atá íogair i dtaobh cothaithigh a shainítear faoin Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh atá eotrófach nó a d'fhéadfadh éirí eotrófach (mar gheall ar ionchur iomarcach fosfair nó nítrigine) amach anseo mura dtéitear i mbun bearta cosanta. Ceanglaítear sa Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh (an TCFU) (91/271/CEE) ar bhallstáit athbhreithniú a dhéanamh ar limistéir atá íogair i dtaobh cothaithigh gach ceithre bliana. San athbhreithniú deireanach a rinneadh in 2016, bhí coibhéis daonra os cionn 10,000 duine i measc 72 doirteadh fuíolluisce uirbigh. Astu seo, léirigh 47 ceann fianaise i leith íogaireacht chothaithigh in uiscí síos an abhainn ón doirteadh. Ar an iomlán, sainaithníodh 67 dobharlach amhail bheith íogair i dtaobh cothaithigh, 11 loch, 32 stráice abhann agus 24 idiruisce agus uisce cósta ina measc. A luaithe a shainítear limistéar atá íogair i dtaobh cothaithigh, caithfear baint bhreise cothaithigh a chur i bhfeidhm (murar cuireadh i bhfeidhm cheana féin é) ar ionaid chóireála fuíolluisce a dhoirteann isteach sa limistéar atá íogair.

### Limistéir chosanta uisce óil

Ceanglaítear sa CTU go ndéantar Limistéir Chosanta Uisce Óil (LCUÓanna) a shainaithint. Lochanna, taiscumair, aibhneacha agus dobharlaigh screamhuisce iad seo óna ndéantar uisce a astarraingt chun gur féidir le daoine é a ól. I bhformhór na gcásanna, déantar an t-amhuisce seo a chóireáil chun é a íonghlanadh i leith an chaighdeáin riachtanaigh uisce óil. Cuirtear léargas ginearálta ar fáil ar cháilíocht an uisce óil in Éirinn don bhliain 2018 sa Tuarascáil ar Uisce Ól do Sholáthairtí Uisce Phoiblí 2018 de chuid an GCC. Deimhnítear sa tuarascáil gurb ard go fóill cáilíocht an uisce óil i soláthairtí poiblí agus gur chomhlíon ar a laghad 99% de na samplaí a bailíodh na caighdeáin riachtanacha mhicribhitheolaíocha agus cheimiceacha. Tarlaíonn rioscaí, áfach. Braitheadh lotnaidicídí a sháraíonn caighdeáin cháilíochta uisce i roinnt soláthairtí uisce. Sainaithníodh riosca i leith soláthairtí uisce éilithe ag na seadáin, Cripteaspóiridiam agus Giardia, chomh maith, i roinnt soláthairtí. Ba é an riosca ba shuntasaí na teagmhais a tharla le déanaí ag ionad cóireála uisce Léim an Bhradáin, ar eisíodh fógra chun uisce a bheiriú do bhreis agus 600,000 duine dá mbarr.

I rith 2018, bhí 44 Fógra chun Uisce a Bheiriú i bhfeidhm a rinne difear do 97,204 duine agus bhí 15 Fhógra faoi Shrianadh Uisce i bhfeidhm, a rinne difear do 14,613 duine. Braitheadh an seadán Cripteaspóiridiam, in 25 soláthar uisce phoiblí in 2018, ar méadú é seo aníos ó 17 soláthar in 2017 agus 12 sholáthar in 2016. Anuas air sin, bhí difear á dhéanamh ag teipeanna seasmhacha tríhalaimeatán do 54 soláthar (fotháirge díghalraithe) agus bhí difear á dhéanamh ag saincheisteanna lotnaidicíde do 34 soláthar agus theip ar thrí sholáthar chun an caighdeán níotráite a shásamh le haghaidh uisce óil.

Maidir le soláthairtí príobháideacha, bíonn cáilíocht an uisce níos laige go comhsheasmhach ná mar a bhíonn sé i soláthairtí poiblí agus ní mór iad a fheabhsú níos mó. Teastaíonn monatóireacht agus bainistíocht níos fearr ó sholáthairtí beaga príobháideacha, go háirithe, a fhreastalaíonn ar úsáidí tráchtála agus poiblí.

### Uiscí sliogéisc

Ainmníodh 64 uisce sliogéisc, ar an iomlán, in Éirinn. Déantar measúnú ar na huiscí seo i dtaobh comhlíonta in aghaidh réimse paraiméadair fhisicicheimiceacha agus bhaictéareolaíocha. Rianmhiotail, orgánahalaiginí agus paraiméadair fhisicicheimiceacha.

In 2018, bailíodh samplaí uisce chun measúnú a dhéanamh ar dhlús miotail ó 31 limistéar sliogéisc. I ngach sampla, bhí dlús tuaslagtha miotail (arsanaic, caidmiam, cróimiam, copar, luaidhe, nicil, airgid agus sinc) comhlíontach i dtaobh na luachanna éigeantacha. De bhreis air sin, ba lú an dlús uisce seo ná an dlús i gcaighdeáin cháilíochta comhshaoil (CCC) an CTU a bunaíodh sna Rialacháin Uisce Dromchla Rialacháin (I.R. Uimh. 272 de 2009). Níor thug anailís a rinneadh ar pharaiméadair fhisicicheimiceacha (i.e. salandacht, teocht, ocsaigin thuaslagtha, pH agus solaid ar fuaidreamh) aon chur isteach le fios ar an timpeallacht fhisicicheimiceach agus ar a cumas chun tacú le daonraí sliogéisc.

### Gnáthóga agus speicis chosanta a bhraitheann ar uisce

Braitheann go leor de na gnáthóga agus na speicis a liostaítear le haghaidh cosanta sna Treoracha maidir le hÉin agus le Gnáthóga ar uisce agus tá an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra freagrach as na gnéithe seo a chothabháil agus a athchóiriú chun go mbaineann siad stádas fabhrach caomhnaithe amach. Tá 45 gnáthóg agus 21 speiceas a dtagtar

orthu i measc bogaigh talún agus dobharlaigh abhann, locha, screamhuisce, idiruiscí agus cósta, sna liostaí de ghnéithe cosanta a bhraitheann ar uisce a chosnaítear faoi Iarscríbhinní I agus II. Faoin Treoir maidir le Gnáthóga, deimhníodh sa tuairiscithe is déanaí (2013-2018) go bhfuil stádas mífhabhrach caomhnaithe ag 84% (38) de ghnáthóga a bhraitheann ar uisce agus 47% (10) de na speicis a rinneadh a mheasúnú. Is iad truailliú uisce (le cothaithigh, dríodar agus ábhar orgánach), draenáil/mionathrú na hidreolaíochta, baint mhóna, astarraingt uisce, ró-innilt ag beostoc agus speicis choimhthíocha ionracha na cúig bhrú is mó a tugadh le fios i dtaobh gnáthóg a bhraitheann ar uisce. Toisc choiteann a chuireann le stádas mífhabhrach go leor gnáthóg agus speiceas a bhraitheann ar uisce is ea díghrádú talamh phortaigh. Is iad talmhaíocht, foraoiseacht, fuinneamh in-athnuaite agus baint mhóna na príomhúsáidí a chuireann leis na brúnna a shainaithnítear.

Léiríonn tuairisciú faoin Treoir maidir le hÉin don tréimhse chéanna meath géar i measc roinnt speicis éin uisce gheimhrithe agus i measc lapairí póraithe. Áirítear leis na brúnna is suntasaí a tugadh le fios i measc éin uisce gheimhrithe athrú aeráide, táirgeadh fuinnimh (e.g. feirmeacha gaoithe), seilg, cur isteach a dhéanann áineas agus cur isteach eile, sliogiasc a ghabháil agus dobharshaothrú, chomh maith le foraoisiú, seachghabháil, agus truailliú uisce/eotrófú as foinse mheasctha




# Cuid 3: Brúnna atá ar ár dtimpeallacht uisce

## **Cuid 3:** Brúnna atá ar ár dtimpeallacht uisce

Tugadh chun solais sa Phlean Bainistíochta Abhantraí den dara córas go raibh 1,460 dobharlach ann nach raibh a gcuspóirí á sásamh acu faoin CTU, agus gur imir réimse brúnna suntasacha tionchar orthu. Deimhníodh gurbh iad talmhaíocht, brúnna hidreamoirfeolaíoch, fuíolluisce uirbeach agus foraoiseacht na saghsanna ba choitianta brú (Fíor 1). Tugann na sonraí monatóireachta le déanaí le fios go bhfuil a gcuspóirí de chuid an CTU bainte amach anois ag 242 de na dobharlaigh seo, agus gur baineadh na feabhsúcháin seo amach anois i measc na saghsanna brú go léir. Is ionann seo agus dul chun cinn a bhfáiltítear roimhe i dtreo na gcuspóirí seo a bhaint amach, ach tá obair nach beag le déanamh go fóill ag gach earnáil.

Tugadh chun solais i gCuid 2 go bhfuil meath tagtha, ar an iomlán, ar cháilíocht an uisce i rith na tréimhse monatóireachta deireanaí. Is éard a tharla mar thoradh air seo ná beagnach 400 dobharlach nua nach bhfuil a spriocanna á mbaint amach acu anois agus nár sainaithníodh go bhfuil brúnna móra orthu. Tabharfar faoi mheasúnuithe spriocdhírithe tionchair brú sna míonna amach anseo chun na brúnna suntasacha a shainaithint sna limistéir seo chun eolas a chur ar fáil don chlár beart sa chéad phlean eile.

In ainneoin an ghlanmheatha ar an iomlán, tá glanfheabhsú 13% (nó 81 dobharlach) tagtha ar cháilíocht uisce dobharlach ar tugadh tús áite dóibh sna Limistéir le haghaidh Gnímh sa phlean bainistíochta abhantraí den dara córas. Treocht spreagtha é seo a thugann chun solais na hiarrachtaí leanúnacha atá a ndéanamh ag na hÚdaráis Áitiúla agus ag Comhlachtaí Poiblí eile a bhí ag oibriú chun feabhas a chur ar cháilíocht an uisce i rith na tréimhse monatóireachta seo (2016-2018). Mar gheall nár cuireadh tús le Clár Uisce na nÚdarás Áitiúil agus nár cuireadh tús leis an gClár Tacaíochta agus Comhairle Inbhuanaitheachta Talmhaíochta a oibriú sna Limistéir le haghaidh Gnímh i ndiaidh na tréimhse seo, ní bheidh tairbhí iomlána a measúnuithe áitiúla dobharlaigh soiléir go dtí an chéad chóras monatóireachta eile (2019-2021).




**Fíor 7 -** Dul chun cinn i dtreo cuspóirí a bhaint amach do dhobharlaigh a sainaithníodh amhail bheith i mBaol sa phlean bainistíochta abhantraí, agus dobharlaigh nua a tháinig chun solais trí mhonatóireacht a rinneadh le déanaí a ndíreofar orthu don chéad chóras eile.

## 3.1 Brúnna atá ar ár n-uiscí

**Cumhdaíonn** Talmhaíocht breis agus 65% d'achar talún na hÉireann agus is é an brú suntasach is minice a bhíonn ar dhobharlaigh nach bhfuil a spriocanna á mbaint amach acu sa CTU. Is iad na príomhfhadhbanna a chruthaíonn an fheirmeoireacht ná cothaithigh agus dríodar breise a chailleadh le huisce. Gnáth-shaincheisteanna d'aibhneacha agus lochanna iad fosfar agus dríodar breise, agus is é nítrigin iomarcach an phríomhcheist a bhíonn i gceist i measc inbhear agus uiscí cósta. D'fhéadfadh amóiniam breise fadhb a chruthú, chomh maith leis sin, i measc roinnt dobharlach. Tagann na caillteanais seo aníos ó phoncfhoinsí, ar nós clóis feirme nó ó fhoinsí idirleata, ar nós leasacháin agus aoileach a scaipeadh.

**Hidreamoirfeolaíocht:** Ciallaíonn mionathrú hidreamoirfeolaíoch athrú ar dhálaí gnáthóige fisiciúla nó ar fheidhmiú nádúrtha dobharlach arb éard is cúis leis, mar shampla, dreidireacht agus díriú aibhneacha (cainéalú), draenáil talún, nó bonneagar crua, ar nós dambaí, coraí, bacainní, loc, claífort, tóchar, céanna, calafort agus ballaí farraige. Tá an tuiscint atá ar conas a imríonn brúnna hidreamoirfeolaíocha tionchar ar cháilíocht an uisce tagtha chun cinn le blianta beaga anuas agus táthar ag díriú air níos mó i measúnuithe ar an tionchar ar cháilíocht an uisce.

**Fuíolluisce Uirbeach:** Doirteadh cothaitheach go díreach ó ionaid chóireála fuíolluisce uirbigh agus doirteadh ó sceitheadh stoirme comhcheangailte (SSCanna) nó sceitheadh uisce stoirme (SUSanna) na fadhbanna maidir le cáilíocht an uisce is coitianta a bhaineann le fuíolluisce uirbeach. Imríonn doirteadh dlús ardaithe fosfair, amóiniam agus nítrigine tionchar ar éiceolaíocht na n-uiscí dromchla, cé go n-imríonn dlús ardaithe baictéir agus pataigine tionchar ar uiscí snámha agus uiscí sliogéisc.

**Foraoiseacht:** Is féidir le foraois nach ndéantar a shuíomh go cuí agus oibríochtaí foraoise a ndéantar drochbhainistíocht orthu tionchar diúltach a imirt ar cháilíocht an uisce agus ar ghnáthóga agus speicis uisceacha. Baineann na fadhbanna is coitianta maidir le cáilíocht an uisce a eascraíonn as foraoiseacht le dríodar agus cothaithigh a scaoileadh isteach sa timpeallacht uisceach agus le tionchair a imríonn aigéadú. D'fhéadfadh foraoiseacht bheith mar chúis, chomh maith, le córais mhionathraithe sreabhaidh srutha atá mar thoradh ar dhraenáil ghaolmhar talún.

**Áirítear le Fuíolluisce** Tí córais umair sheiptigh a bhaineann le tithíocht aonuaire agus le hionaid cóireála fuíolluisce phríobháideacha bheaga neamhcheadúnaithe. Mura ndéantar é a shuiteáil i gceart agus a chothabháil go maith, d'fhéadfadh na córais seo a bheith mar chúis le heisilteach neamhchóireála a sceitheadh le huiscí.

Meascán de sceitheadh ó shéaraigh, uisce a ritheann chun srutha ó limistéir phábháilte agus neamhphábháilte, agus mícheangail nuair a bhíonn ceangail bhréana phríobháideacha ceangailte le séaraigh stoirme, in ionad an ghréasáin séarach bréan, is ea uisce uirbeach a ritheann chun srutha.

**Móin:** I measc na dtionchar ar cháilíocht an uisce agus gnáthóg abhann a eascraíonn as móin a astarraingt agus as draenáil, amóiniam agus dríodair mhínghráinneacha ar fuaidreamh, agus athrú fisiciúil gnáthóg uisceach. Tá athruithe ar dhálaí hidreamoirfeolaíocha aibhneacha mar thoradh, chomh maith, ar thailte portaigh a dhraenáil.

**I measc na mbrúnna tionscail**, tá tionchair a imríonn doirteadh agus astaíochtaí ó shaoráidí a cheadúnaíonn an GCC (46) agus na hÚdaráis Áitiúla (43).


**I measc na mbrúnna eile**, tá tionchair a imríonn gníomhaíochtaí ar nós astarraingtí uisce, speicis ionracha agus suíomhanna a bhí truaillithe riamh anall. Imríonn gach ceann de na gníomhaíochtaí seo tionchar ar líon sách beag de dhobharlaigh chun nach ndéantar iad a ghrúpáil le chéile.

## 3.2 Dobharcheantair ardstádais Phoinc Ghoirm

Ábhar buartha criticiúla is ea ár n-uiscí Ardstádais ar an gcaighdeán is fearr a chailleadh agus tá sé i measc na rudaí is mó a dtugtar tús áite dóibh le haghaidh bainistíocht uisce in Éirinn. Tugadh chun solais sa phlean bainistíochta abhantraí den dara córas go bhfuil próifíl éagsúil bhrúnna ann a imríonn ar uiscí ardstádais agus is é foraoiseacht, agus brúnna hidreamoirfeolaíocha agus talmhaíocht na cinn is coitianta.

Léirítear sna sonraí monatóireachta is déanaí go ndearnadh roinnt dul chun cinn i dtreo chuspóirí an CTU a shásamh i measc fhormhór na mbrúnna a imríonn tionchar ar uiscí ardstádais, ach go bhfuil an meath, ar an iomlán, ag leanúint. Níl a spriocanna cháilíocht an uisce á mbaint amach ag breis agus leath na ndobharlach

cuspóir ardstádais. Tá meath tagtha ar 108 Dobharlach Cuspóir Ardstádais breise i dtaobh cáilíochta de ón mbliain 2016; beidh na Brúnna Suntasacha le sainaithint acu seo sna míonna amach romhainn chun eolas a chur ar fáil don Chlár Beart don phlean den tríú córas..




**Fíor 8 -** Dul chun cinn i dtreo cuspóirí a bhaint amach do dhobharlaigh a sainaithníodh amhail bheith i mBaol sa phlean bainistíochta abhantraí, agus dobharlaigh nua a tháinig chun solais trí mhonatóireacht a rinneadh le déanaí a ndíreofar orthu don chéad chóras eile





# Cuid 4:
# Saincheisteanna Móra Bainistíochta Uisce

**Saincheist 1:** Beartú Tosaíochta

# Díriú ar thorthaí

## Cúlra / An fáth gur saincheist é seo

Príomhphrionsabal den chóras reatha de Phleanáil Bainistíochta Abhantraí is ea beartú tosaíochta dobharcheantar atá dírithe ar fheabhsúcháin chomhshaoil a sholáthar. Tá bearta náisiúnta, ar nós na Rialachán um Dhea-Chleachtas Talmhaíochta, clár infheistíochta caipitil Uisce Éireann agus scéim agrachomhshaoil GLAS á gcur bhfeidhm go fairsing. Ach rinneadh an cinneadh don dara córas, áfach, gur theastaigh iarrachtaí breise spriocdhírithe bunaithe ar fhianaise chun feabhsúcháin a chur chun cinn. Leagfar amach sa chleachtadh beartaithe tosaíochta ag an gcéim phleanála an clár amach don chóras 6 bliana. Ceadóidh seo do gach páirtí leasmhar chun a n-obair a phleanáil go cúramach d'fhad an PBA, agus cabhróidh sé chun leithdháileadh acmhainní a stiúradh lena chinntiú go mbaintear na torthaí amach a dtugtar tús áite dóibh.

## An méid atá á dhéanamh faoi láthair

Leagtar amach sa PBA reatha tosaíochtaí ardleibhéil (féach leathanach 47 den phlean). Is iad seo:

- Comhlíonadh iomlán reachtaíocht ábhartha reatha an AE a chinntiú
- Coisc a chur ar mheath
- Na cuspóirí ar leith a bhaineann le huisce a bhaint amach a theastaíonn le haghaidh limistéir chosanta
- Ár ndobharlaigh chuspóir ardstádais a chosaint agus a athchóiriú go sonrach
- Limistéir le haghaidh Gnímh i ndobharlaigh a dtugtar tús áite dóibh.


Ó na tosaíochtaí thuas, roghnaíodh 190 Limistéar le haghaidh Gnímh bunaithe ar chinntí a rinneadh trí struchtúir réigiúnacha faoi stiúir údaráis, lena dtacaíonn anailís agus bonn fianaise eolaíochta an GCC. Cuireadh san áireamh i gcinntí na cuspóirí tosíaíochta a leagtar amach sa phlean seo agus bhí aird acu, chomh maith, ar an bhfianaise eolaíochta atá ar fáil agus ar na breithnithe níos fairsinge socheacnamaíocha agus indéantachta. Tá obair chun na tosaíochtaí seo a thabhairt chun cinn ag leanúint ar aghaidh ar gach leibhéal de struchtúir rialachais an CTU. Mar shampla, tá an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil ag oibriú leis an gCoimisiún Eorpach lena chinntiú go mbaineann Éire amach comhlíonadh iomlán reachtaíocht uisce ábhartha an AE. Cuireadh tús, chomh maith, le Clár Dobharlaigh Bhaill Ghoirm agus le Tionscadal Comhtháite LIFE agus é mar aidhm ar leith acu chun dobharlaigh ardstádais oibiachtúla a chosaint agus a athchóiriú.

Tugadh tacaíocht fhairsing don tús áite spriocdhírithe a thugtar agus tá fianaise, i bhfírinne, cé go bhfuil sé luath go fóill, go bhfuil torthaí dearfacha cháilíocht an uisce á mbaint amach. Beartaítear leanúint leis an gcur chuige seo don PBA den tríú córas a thosóidh in 2022.

## Breithnithe:

- As na tosaíochtaí reatha atá sa PBA, cén cinn a mheasann tú is mó is ábhartha?
- An bhfuil aon tosaíochtaí breise ann a cheapann tú ba cheart a chur san áireamh sa chóras PBA seo?
- An leasófá aon chinn de na tosaíochtaí reatha?
- An bhfuil aon tosca seachtracha ann a cheapann tú ba cheart a chur san áireamh nuair a bhíonn tosaíochtaí á leagan amach don chóras PBA seo?

# Dobharlaigh Tosaíochta
## de réir réigiún



# **Saincheist 2:** Rannpháirtíochta Pobail

## Cúlra / An fáth gur saincheist é seo

I meanma na Creat-Treorach Uisce, is mian leis an rialtas baint ghníomhach na bpáirtithe leasmhara go léir a spreagadh agus tacú leis i gcur i bhfeidhm na treorach. Áirítear leis seo, ach go háirithe, an plean bainistíochta abhantraí a chur le chéile, a athbhreithniú agus a nuashonrú. Aithnítear go mbraitheann an rath a bheidh ar chur i bhfeidhm an phlean bainistíochta abhantraí ar chomhoibriú dlúth agus ar ghníomh comhtháiteach ar leibhéal náisiúnta agus leibhéal áitiúil, chomh maith le heolas, comhairliúchán agus baint an phobail, gach úsáideoir uisce ina measc.

Aithnítear go fairsing, chomh maith, go bhfuil dlisteanacht an ghá atá le gníomhartha mar thoradh ar an mbaint a bhíonn ag gach páirtí leasmhar i dtorthaí cinnteoireachta.

Tá an t-ádh orainn In Éirinn go bhfuil líon mór grúpaí, pobal agus daoine aonair againn a bhfuil páirt ghníomhach acu sa phróiseas pleanála bainistíochta abhann agus ar spéis leo feabhas a chur ar cháilíocht an uisce. Is mian leis an rialtas an rannpháirtíocht sin a chothú agus a fhás.

## An méid atá á dhéanamh faoi láthair

Agus é á aithint gur theastaigh feabhsú ó rannpháirtíocht phoiblí sa chéad phróiseas pleanála pleanála abhantraí, rinneadh iarracht agus acmhainní suntasacha a infheistiú chun an tacaíocht atá le rannpháirtíocht a fheabhsú. Tá struchtúir nua i bhfeidhm anois, an Fóraim Uisce Náisiúnta agus Oifig Uisce agus Pobal an Údaráis Áitiúil (OUPÚÁ), atá mar chuid de Chlár Uiscí an Údaráis Áitiúil (CUÚÁ) ina measc. Cuirtear eolas ar fáil, chomh maith, ar bhainistíocht dobharcheantair trí láithreán gréasáin catchment.ie an GCC agus an láithreán gréasáin uisce agus phobal.


In 2018, bunaíodh comhlacht reachtúil neamhspleách, an Fóram Uisce, chun ardán a sholáthar do rannpháirtíocht phoiblí ar gach ceist a bhaineann le huisce mar acmhainn chomhshaoil, shóisialta agus gheilleagrach agus chun an t-ionchur daonlathach a neartú isteach inár gcinnteoireacht.

Tugann an CUÚÁ go gníomhach faoi go LEOR gníomhaíochtaí chun oideachas pobail agus feasacht ar shaincheisteanna a mhéadú. Bunaíodh é ag deireadh 2016 agus rinne sé comhairliúchán áitiúil a stiúradh maidir leis an dara Plean Bainistíochta Abhantraí. Cuireadh 122 cruinniú poiblí ar bun a ghin breis agus 1,000 aighneacht. Tá bealaí eile á lorg aige, chomh maith, chun gníomh pobail a spreagadh agus tacú leis sa chur chuige dobharcheantar-bhunaithe chun feabhas a chur ar cháilíocht an uisce. Rinne CUÚÁ idirchaidreamh, chomh maith, go forleathan le húdaráis áitiúla agus le comhlachtaí poiblí eile agus chuir sé feabhsú comhoibriú pobail agus comhlachta phoiblí chun cinn ar leibhéal áitiúil.

Ceann de na huirlisí a úsáideann CUÚÁ ná an Ciste Forbartha Uisce Pobail, a cheadaíonn deontais bheaga a chur ar fáil do phobail áitiúla chun tabhairt faoi réimse tionscadail agus gníomhaíochtaí uiscebhunaithe. Is ardú suntasach é, áfach, ón leibhéal tacaíochta seo go dtí an pointe inar féidir le grúpaí áitiúla struchtúir chomhtháiteacha a chruthú a bhféadfaí an meán a dhéanamh díobh chun cistiú breise agus níos mó a fhoinsiú, a cheadóidh, ar a uain sin, leibhéal níos mó rannpháirtíochta chun dobharcheantar a shamhlú, pleanáil gníomhaíochta agus cur i bhfeidhm ar scála níos mó.

Chuir an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil cistiú breise ar fáil, le déanaí, tríd an OUPÚÁ, chun tacú le Tionscadal Píolótach Athléimneachta Iontaobhas Aibhneacha na hÉireann. Tionscadal trí bliana é seo atá in ainm is cabhrú leis an gcéim bhunaithe do dhá Iontaobhas Aibhneacha Éireannacha (Inis Eoghain agus an Mháigh) a chuireann ar a gcumas éirí féinleorga. Cuireann an clár píolótach an fhéidearthacht ar fáil chun tacú le grúpaí pobalbhunaithe a oibríonn go gníomhach ar an talamh fud fad na tíre; oibreoidh na grúpaí siúd i dtosach feadh cláir atá cuidithe ag an rialtas, ar nós CUÚÁ, ach d'fhéadfaidís cnámh droma de ghníomhaithe leanúnacha cháilíocht an uisce a chruthú amach anseo go fadtéarmach, nuair nach bhfuil tacaíocht thiomnaithe ón rialtas láir ar fáil a thuilleadh. Déanfar an tionscadal píolótach a mheasúnú agus cuirfidh sé eolas ar fáil do thionscnaimh rannpháirtíochta an phobail.

# Ag oibriú i gcomhar le pobail áitiúla






Cruinniú Pobail I gCluain Cearbán/Bun Abhann Limistéir tosaíochta le haighaidh Gníomhaíochta.

## Breithnithe:

- An mbraitheann tú go dtugtar an deis do dhaoine chun bheith páirteach sa bhealach a dhéantar ár n-uiscí a bhainistiú? Cuir samplaí ar fáil, le do thoil, chun tacú le d'fhreagra, na bealaí is féidir é seo a fheabhsú ina measc.

## Naisc úsáideacha

www.watersandcommunities.ie
www.catchments.ie
www.theriverstrust.org

**Saincheist 3:** Pleanáil Úsáide Talún

# Pleanáil agus forbairt a sheasfaidh an aimsir

## Cúlra / An fáth gur saincheist é seo

Baineann ríthábhacht le pleanáil in Éirinn maidir le bainistíocht inbhuanaithe n an-acmhainní uisce. Teastaíonn pleanáil ar leibhéal straitéiseach agus breithniú cúramach ar iarratais aonair ar chead pleanála araon uainn. Cuireann an córas pleanála, ar an ábhar sin, go mór le cuspóirí uisce trína chinntiú gur féidir le forbairt cruthú riosca a sheachaint sa chéad ásc, sa chás gurb indéanta, agus trí na coinníollacha cuí pleanála a chur san áireamh i gceadanna pleanála d'fhorbairt nua.

Teastaíonn feabhsú breise ón gcreat pleanála chun tacú le plean forbartha a dhéanamh agus le cinnteoireacht araon. Is gá bearta a dhéanamh lena chinntiú go dtugann bonneagar amach anseo aird ar an CTU.

## Cad atá á dhéanamh faoi láthair?

Cé go gceanglaítear sa reachtaíocht pleanála reatha go ndéantar bainistíocht a chomhtháthú isteach sa chóras pleanála ar mhaithe le tacú le cosaint agus feabhsú cháilíocht an uisce, tá treoir theoranta phraiticiúil ar fáil go dtí seo d'údaráis pleanála maidir le conas é seo a dhéanamh.


Chun dul i ngleic leis an easnamh seo, thug an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil faoi threoir mhionsonraithe a ullmhú chun cabhrú le pleanálaithe ina ról, agus chun cabhrú le forbróirí agus páirtithe leasmhara, chomh maith, chun iarratais chuí a dhéanamh ar chead pleanála. Cuirfidh obair theicniúil a rinneadh le blianta beaga anuas a bhí faoi stiúir na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus an GCC eolas ar fáil don treoir.

Déanfaidh an cur chuige ginearálta sa treoir phleanála an méid seo a leanas;

- Comhsheasmhacht a chinntiú i dtaobh treoir ábhartha eile pleanála, e.g. Treoirlínte Riosca i gCás Tuilte, an próiseas Tástála i leith Measúnú Oiriúnachta (TMO) agus Measúnachta Straitéisí Timpeallachta (MST), Measúnachta Tionchair Timpeallachta (MTT), etc.
- Cur chuige seicheamhach a ghlacadh i dtaobh plean forbartha agus bainistíocht forbartha.
- Measúnú an CTU a thús-ualú ag céim an phlean forbartha.

Is éard a bheidh i gceist leis an gcéad chéim eile oibre ná to (1) an reachtaíocht pleanála a leasú chun éifeacht a thabhairt don treoir, (2) oiliúint a chur ar fáil d'údaráis pleanála i gcur chun feidhme na treorach, agus (3) leanúint chun feabhas a chur ar uirlisí tacaíochta cinnidh chun cabhrú le húdaráis pleanála tionchar dóchúil na forbartha amach anseo a bheartaítear a dheimhniú. Oibreoidh údaráis, chomh maith leis sin, i dtreo na critéir feidhmíochta a shainiú níos soiléire do bhonneagar amach anseo lena chinntiú go dtugann siad aird ar an CTU.

## Meicníocht Chuir Chuige Sheicheamhaigh sa Phróiseas Pleanála




### Breithnithe:

- Conas is féidir leis an gcóras pleanála a fheabhsú níos mó chun go gcuireann sé go héifeachtach le cosaint agus feabhsú acmhainní uisce in Éirinn?

### Naisc úsáideacha

www.watersandcommunities.ie

www.catchments.ie, etc.

Nasc leis an gCreat Pleanála Náisiúnta: www.npf.ie,

an mír den PBA maidir le pleanáil úsáide talún:
www.housing.gov.ie/sites/default/files/publications/files/rbmp_full_reportweb.pdf.

www.floodinfo.ie

## **Saincheist 4:** Talmhaíocht

# Talmhaíocht amach anseo a oibríonn don uisce

### Cúlra / An fáth gur saincheist é seo

Brú suntasach é an talmhaíocht ar cháilíocht an uisce in Éirinn. Is féidir le láithreacht fuíll lotnaidicíde tionchar diúltach a imirt ar cháilíocht an uisce, cothaithigh ó leasachán, nó dríodair ó chreimeadh ithreach. Téitear i ngleic le huiscí a chosaint ó thruailliú talmhaíochta go príomha trí na rialacháin um Dhea-Chleachtas Talmhaíochta. Anuas air sin, príomh-shaincheist den Chomhbheartas Talmhaíochta is ea cáilíocht an uisce a chosaint, a bhfuil de chuspóir aige truailliú uisce a sheachaint ó ghníomhaíocht talmhaíochta.

Is é an Clár Náisiúnta um Fhorbairt Tuaithe (an CNFT) faoin gComhbheartas Talmhaíochta (an CBT) an príomh-mheicníocht chun bearta a thabhairt isteach chun na tionchair a mhaolú a imríonn an talmhaíocht ar an timpeallacht trí úsáid a bhaint as scéimeanna dreasaithe agra-chomhshaoil. Tá roinnt scéimeanna san CNFT reatha, a bheidh ar siúl go dtí deireadh 2020, ar féidir leo bearta a thabhairt isteach d'fheirmeoirí chun cabhrú leis an tionchar a imríonn gníomhaíocht talmhaíochta ar uisce, scéim GLAS go príomha, a laghdú.

Beartaítear san athbhreithniú reatha ar an CBT chun athruithe suntasacha a dhéanamh ar an mbealach a rachaidh Ballstáit an AE i ngleic leis na dúshláin seo don tréimhse ó 2021 go 2027. Príomhghné den bheartas a bheartaítear is ea aistriú ar bhéim ó chomhlíonadh agus rialacha i dtreo torthaí agus feidhmíochta, atá le baint amach trí phleananna straitéiseacha a fhorbraítear ar leibhéal Ballstáit.







## An méid atá á dhéanamh faoi láthair

Leanann cur i bhfeidhm na Rialachán um Dhea-Chleachtas Talmhaíochta leis an mbunchloch a leagan faoi bhearta chun ionchur truailleáin in uiscí a rialú. Leanfar le hathbhreithniú agus leasú a dhéanamh ar na rialacháin seo, faoi mar is cuí. Cuimsítear sa CNFT roinnt scéimeanna a chuireann leibhéil áirithe de chosaint ar fáil do cháilíocht an uisce ó ghníomhaíochtaí talmhaíochta. Is é an ceann is tábhachtaí de na scéimeanna seo GLAS, a chuireann íocaíochtaí ar fáil d'fheirmeoirí chun bearta um chosaint an chomhshaoil a roghnú ar féidir leo iad a chur i bhfeidhm ar a bhfeirm. Maidir le cosaint uisce, áirítear leo seo fálú, agus cosc a chur ar eallach sruthchúrsaí a rochtain, a shreabhann taobh le páirceanna, agus ar sciodar astaíochtaí ísle a leathadh. Anuas air sin, tugadh rochtain ardtosaíochta d'fheirmeoirí i ndobharcheantair ardstádais ar scéim GLAS.

Tá Plean Straitéiseach náisiúnta nua de chuid an CBT á fhorbairt faoi láthair ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus tá idirchaidreamh gníomhach á dhéanamh acu leis na páirtithe leasmhara ábhartha go léir trí Choiste Comhairliúcháin an CBT i ndiaidh 2020.

As naoi gcroíchuspóir, tá roinnt díobh idirghaolmhar agus tá baint ar leith acu le cuspóirí comhshaoil a bhaint amach, cuspóirí uisce ina measc. Áirítear leo seo:

- Gníomhú ar son athrú aeráide
- Cúram comhshaoil
- tírdhreacha agus bithéagsúlacht a chaomhnú
- Tacú le ceantair thuaithe bheoga
- Cáilíocht bia agus sláinte a chosaint

Tá mar aidhm ag tograí an CBT chun uaillmhian níos airde a bhaint amach maidir le gníomhú ar son an chomhshaoil agus na haeráide. Áirítear leo go sonrach forálacha le haghaidh (1) ithreacha atá saibhir ó thaobh carbóin trí bhogaigh agus tailte portaigh a chosaint agus (2) uirlisí éigeantacha bainistíochta cothaithigh chun feabhas a chur ar cháilíocht an uisce agus chun leibhéil amóinia agus ocsaíde nítriúla a laghdú.

Tá súil leis go n-easróidh forbairt éiciscéimeanna agus scéimeanna agra-chomhshaoil as an bpróiseas déanta pleananna, a thabharfaidh bearta nua isteach atá dírithe ar cháilíocht an uisce don tréimhse 2021 go 2027 a chosaint. Tá scóip agus féidearthacht shuntasach ann chun bearta cliste agus éifeachtúla a fhorbairt, atá in ann tairbhí iolracha a sholáthar do chuspóirí beartais bhithéagsúlachta, aeráide, mhaolaithe tuile, sláinte daonna agus uisce.

I dtaobh an aistrithe a bheartaítear ar bhéim faoin CBT ó chomhlíonadh agus rialacha i dtreo torthaí agus feidhmíochta, is fiú a thabhairt faoi deara go bhfuil roinnt Scéimeanna Íocaíochta Agrachomhshaoil Thorthaí-bhunaithe (SÍATB) atá i bhfeidhm cheana féin (e.g. Clár Bhoirne) nó atá á bhforbairt (e.g. Uiscí nua Thionscadal Comhtháite LIFE). D'fhéadfadh na saghsanna seo tionscnamh an bealach a réiteach don bhealach is féidir feidhmíocht fheabhsaithe comhshaoil a chur chun cinn agus luaíocht a bhronnadh air amach anseo.

## Breithnithe:

- Conas is féidir leis an earnáil talmhaíochta cur le feabhas a chur ar cháilíocht an uisce?
- An gcreideann tú go n-imreoidh an CBT tionchar dearfach nó tionchar diúltach ar cháilíocht an uisce in Éirinn?
- An gceapann tú gur cheart nó nár cheart bearta an CBT chun cáilíocht an uisce a chosaint a choimeád ar scála náisiúnta nó ar cheart dóibh bheith dírithe níos áitiúla?

**Nasc úsáideach**
**CAP i ndiaidh na bliana 2020**
www.agriculture.gov.ie/farmerschemespayments/commonagriculturalpolicycappost2020/

**Saincheist 5:** Athrú Aeráide

# Na hacmhainní agus na seirbhísí uisce a dhéanamh athléimneach a thaobh athrú aeráide

## Cúlra / An fáth gur saincheist é seo

Aithnítear athrú aeráide mar shaincheist thábhachtach a imríonn tionchar ar gach gné dár dtimpeallacht, ní hamháin uisce. Meastar go dtiocfaidh ardú in Éirinn ar an meánbháisteach bhliantúil agus na meánteochtaí bliantúla isteach go lár na haoise seo, anuas ar threocht leanúnach leibhéil ardaitheacha na farraige.

Tasc nach beag d'Éirinn é athrú aeráide a mhaolú agus cáilíocht an uisce á cosaint. Is féidir le go leor de na bearta a úsáidtear chun cáilíocht an uisce a chosaint tairbhí a chruthú, chomh maith, chun dul i ngleic le hathrú aeráide.

I measc roinnt d'iarmhairtí féideartha an athraithe aeráide, tá an méid seo a leanas:

- Báisteach níos airde agus imeachtaí tuile méadaithe, ar féidir le spreagadh truailleán eascairt as.
- Tréimhsí níos tirime aimsire óna n-eascraíonn laghduithe ar chaolú éilleán i ndobharlaigh.
- Teochtaí méadaithe agus aimsir níos tirime a imríonn tionchar ar thalamh phortaigh agus a dtagann laghdú ar scagachán truailleán dá bharr.

## An méid atá á dhéanamh faoi láthair

D'fhoilsigh an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil a Plean Oiriúnaithe Aeráide le déanaí do na hearnálacha Cháilíocht an Uisce agus Bonneagar Seirbhísí Uisce. Tá an Plean in ainm is cabhrú leis na rioscaí a bhainistiú a chruthaíonn athrú aeráide do cháilíocht an uisce agus do bhonneagar seirbhísí uisce. Déantar cur síos ann ar na príomhrioscaí agus beartaítear bearta oiriúnaitheacha riachtanacha ann. Úsáidfidh an lucht déanta beartas, eagraíochtaí um chur i bhfeidhm agus páirtithe leasmhara laistigh de na hearnálacha uisce torthaí an mheasúnaithe seo chun eolas a chur ar fáil do phleanáil mhionsonraithe oiriúnaithe. Cuirfidh an Plean acmhainn luachmhar ar fáil chun eolas a chur ar fáil do bhearta a dhearadh don tríú córas pleanála abhantraí, go háirithe bearta atá dírithe ar thionchair athraithe aeráide ar cháilíocht an uisce a mhaolú. Déanfaidh an Coiste Comhairleach Beartas Uisce maoirseacht ar chur i bhfeidhm an Phlean Oiriúnaithe Aeráide trí na struchtúir Rialachas Pleanála Abhantraí nua.

I dtaobh chur i bhfeidhm an Phlean Oiriúnaithe Aeráide san earnáil uisce, cuirfidh Uisce Éireann agus Cónaidhm Náisiúnta na nGrúpscéimeanna Uisce san áireamh é ina bpróisis phleanála gnó amach anseo do sheirbhísí uisce phoiblí agus phríobháidigh.

Tá idirchaidreamh á dhéanamh, chomh maith, ag an RTPRÁ leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara maidir le beartas nua an CBT atá á dhearadh acu, agus gealltar go gcaithfear 30% de bhuiséad forbartha tuaithe an CBT ar bhearta maolaithe athraithe aeráide.

Faoi mar a luadh roimhe seo, cabhróidh obair maidir leis na Pleananna Bainistíochta Riosca i gCás Tuilte, chomh maith, lena chinntiú go ndéantar aon tionchair idir gearrthéarmach-agus meántéarmach an athraithe aeráide a mhaolú in Éirinn. Cabhróidh seo chun an tionscal agus réadmhaoin a chosaint, agus déanfaidh sé nasc leis an bPlean Bainistíochta Abhantraí i dtaobh na cuspóirí comhshaoil a leagtar amach sa Chreat-Treoir Uisce a shásamh.



**Breithnithe:**

- An gcreideann tú gur féidir na naisc idir beartas athraithe aeráide agus beartas uisce a fheabhsú, agus más féidir, an bhfuil aon mholtaí agat maidir le conas is féidir iad a fheabhsú?
- An gceapann tú go gcruthaíonn athrú aeráide bagairt mhór do cháilíocht an uisce in Éirinn?

**Naisc úsáideacha**

www.dccae.gov.ie/en-ie/climate-action/topics/adapting-to-climate-change/national-adaptation-framework/pages/default.aspx

www.housing.gov.ie/sites/default/files/publications/files/dhplg_sectoral_adaptation_plan_final_en.pdf

www.climatecouncil.ie/

## **Saincheist 6:** Truailliú Uiscí (fosfar agus nítrigin)

# An beart ceart san áit cheart

### Cúlra / An fáth gur saincheist é seo

Is é truailliú uiscí ag cothaithigh iomarcacha (nítrigin agus fosfar) an fhadhb is dúshlánaí maidir le cáilíocht an uisce in uiscí na hÉireann. Tá fás méadaithe ar algaí agus plandaí de bharr na gcothaitheach breise, agus imríonn seo tionchar ar shláinte an éiceachórais uiscigh.

Is iad fuíolluisce tí agus uirbeach agus leasacháin agus aoileach ó thalmhaíocht na príomhfhoinsí cothaitheach sa tírdhreach. Foinse atá an-deacair lena bainistiú iad caillteanais idirleata ó thalmhaíocht mar gheall go gcailltear comhréir de nítrigin agus fosfar a scaiptear ar thalamh thalmhaíochta in uiscí dromchla a ritheann chun srutha de dhroim talún nó in uiscí dromchla mar gheall ar láisteadh. Ní tharlaíonn na caillteanais cothaithigh idirleata go haonfhoirmeach sa tírdhreach, is in 'príomhláithreacha', nó i limistéir foinse criticiúla a tharlaíonn siad. Limistéir iad seo ina bhfuil bealach ar fáil d'fhoinse na gcothaitheach tríd an tírdhreach chuig dobharlach.

Is minic go dtarlaíonn caillteanas fosfair ó thalamh thalmhaíochta i limistéir foinse criticiúla atá sách beag in ithreacha ina bhfuil drochdhraenáil agus ar fhánaí géara. Tá méadú ag teacht le blianta beaga anuas ar dhlús fosfair in uiscí dromchla i limistéir ina bhfuil ithreacha troma. Is dóchúla gurb éifeachtaí díriú ar bhearta a ghearrann an bealach idir uisce feirm a ritheann chun srutha agus na huiscí ina sreabhann sé sna limistéir seo.

Is minice a thagtar ar chaillteanas níotráite in ithreacha ina bhfuil draenáil gan srian, áit a ndéantar an t-uisce a láisteadh isteach i screamhuisce sula scaoiltear isteach i gcórais abhann é agus ar aghaidh uaidh sin go dtí inbhir agus uiscí cósta, áit a gcruthaíonn sé fadhbanna maidir le cáilíocht an uisce. Sna dobharcheantair ina ndéantar draenáil gan srian san oirdheisceart, tá ceangal dlúth idir caillteanais níotráite le déine feirme: dá mhéid níotráite a scaiptear ar an talamh, is é is mó a bheidh an dlús níotráite in uiscí. Leanann caillteanais nítrigine sna dobharcheantair seo in oirdheisceart na tíre ag dul i méid, agus is ionann iad agus breis agus dhá oiread na gcaillteanas ó dhobharcheantair san iarthar.



## An méid atá á dhéanamh faoi láthair

**Fuíolluisce Uirbeach:** Rinneadh dul chun cinn maidir leis na hastaíochtaí fosfair agus nítrigine ó ionaid cóireála fuíolluisce cathrach agus sceitheadh tionsclaíoch (poncfhoinsí móra). Leanann an infheistíocht a dhéanann Uisce Éireann i dtionscadail, cláir agus cothabháil sócmhainní fuíolluisce ag cur leis an laghdú ar astaíochtaí cothaithigh in aghaidh an duine ó fhuíolluisce agus tá sé éifeachtach maidir le feabhas a chur ar cáilíocht an uisce nuair a dhírítear ar ionaid é a sainaithníodh a chruthaíonn brúnna suntasacha. Anuas air sin, tá pleananna limistéar draenála á dtabhairt chun críche faoi láthair ag Uisce Éireann le haghaidh 44 ceantar uirbeach. Cé go bhféadfadh nach n-eascródh feabhsúcháin ar cháilíocht an uisce as seo faoin mbliain 2021, cabhróidh seo le tús áite a thabhairt do limistéir ina gcruthaíonn séaraigh atá ag sceitheadh agus droch-cheangail saincheist agus na limistéir inar cheart iarracht a dhíriú ina dhiaidh seo.

**Talmhaíocht:** Leanann na Rialacháin um Dhea-Chleachtas Talmhaíochta a chur i bhfeidhm leis an mbunchloch a leagan faoi bhearta chun ionchur fosfair agus nítrigine in uiscí a rialú. Teastaíonn bearta breise áitiúla i roint áiteanna, áfach, nuair a chuirtear an gá san áireamh atá le limistéir foinse criticiúla na gcothaitheach seo i ndobharcheantar agus a shainaithint agus chun díriú níos mó ar bhearta rialaithe truaillithe san áit cheart (an beart ceart san áit cheart). Nuair a chruthaíonn talmhaíocht brú suntasach, tá CUÚÁ ag oibriú le hoifigigh an Chláir Chomhairle agus Thacaíochta Inbhuanaitheachta Talmhaíochta (an CCTIT), a chuireann seirbhís saor in aisce agus rúnda chomhairleach ar fáil d'fheirmeoirí chun cabhrú le feabhas a chur ar cháilíocht an uisce. Tá 30 comhairleoir feirme ag an CCTIT, agus cistíonn an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara deichniúr díobh, cistíonn an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil deichniúr díobh agus cistíonn na comharchumainn déiríochta príobháideacha deichniúr díobh. Cuireann eolaithe dobharcheantair an fhianaise ar fáil do na foirne seo chun a n-obair a dhíriú chun na torthaí comhshaoil is fearr a bhant amach.

**Bearta Reatha:** Tá bearta spriocdhírithe eile chun dul i ngleic le foinsí neamhuirbeacha, dabhcha séarachais agus clóis feirme (poncfhoinsí beaga) agus ó chaillteanais talmhaíochta idirleata á gcur i bhfeidhm faoin PBA agus chuir siad an t-aistriú chun cinn ó bhearta náisiúnta a fhreastalaíonn ar gach cás go dtí gníomh níos áitiúla agus é mar aidhm chun an beart ceart a chur i bhfeidhm san áit cheart.

Tá uirlisí nua measúnaithe riosca á bhforbairt chun cabhrú le limistéir ardriosca a shainaithint chun díriú ar bhearta caillteanais chothaitheach in uiscí dromchla a laghdú in Éirinn. Tá roinnt tionscadail taighde mhórscála de chuid an GCC ar bun, chomh maith, ar nós SmartBufferz, Slowwaters agus Watermarke, chun tacú le bearta nua agus spriocdhírithe a fhorbairt chun tionchair a laghdú a imríonn truailliú cothaithigh sa timpeallacht tuaithe.

### Breithnithe:

- Dhá bhealach spriocdhírithe iad infheistiú i mbonneagar fuíolluisce uirbigh agus seirbhísí comhairleacha saor in aisce talmhaíochta a sholáthar a bhí sé mar aidhm ag an PBA deireanach chun caillteanais chothaithigh isteach in uiscí dromchla a laghdú. Cén saghsanna eile de bhearta a bhféadfaí díriú orthu agus conas a d'fhéadfaí seo a dhéanamh?

### Naisc úsáideacha
### Is féidir níos mó a léamh faoi na foinsí cothaitheach inár n-uiscí anseo:

www.catchments.ie/nutrient-modelling-indicates-nutrient-losses-surface-waters-diffuse-sources

**Saincheist 7:** Athruithe Fisiciúla ar Uiscí Dromchla / Hidreamoirfeolaíocht (bacainní ina measc ar imirce éisc)

# Próisis nádúrtha a chosaint agus a athchóiriú

## Cúlra / An fáth gur saincheist é seo

Cuireann an bhail fhisiciúil atá ar dhobharlaigh uisce dromchla (hidreamoirfeolaíocht) an ghnáthóg agus na próisis nádúrtha ar fáil chun tacú le héiceachórais uisceacha shláintiúla agus iad a chothabháil. Is féidir le brúnna a imríonn tionchar ar shreabhadh nádúrtha agus próisis iompair siolta struchtúr éiceachóras, agus déantar díobháil do ghnáthóga nó cailltear iad dá bharr. Cé go nglacann siolta le ról tábhachtach chun tacú le héiceachórais uisceacha, is féidir le leibhéil iomarcacha atá os cionn na leibhéal a bhfuil súil leo i gcás suíomhanna fisiciúla áirithe, díobháil a dhéanamh do bheatha fionnuisce agus mhuirí, go háirithe má bhaineann sé le cothaithigh agus/nó truailleáin thocsaineacha.

I measc na mbrúnna hidreamoirfeolaíocha, tá athruithe fisiciúla ar chainéil agus bruacha, athruithe ar an gcóras sreabhaidh nó leibhéal uisce, agus nascacht a chailleadh laistigh den tírdhreach. Féadtar a áireamh leis na brúnna seo cainéil a díhriú, a leathnú, a dhoimhniú agus dreidireacht a dhéanamh orthu, fásra bruachánach a bhaint, draenáil talún, astarraingt, struchtúir thraidisiúnta chosanta ó thuilte, forbairt in aice uiscí dromchla, agus bacainní ar nós tóchar, loc, coraí agus dambaí ar féidir leo tionchar a imirt ar ghluaiseacht uisce agus siolta agus ar féidir leo cur isteach ar phatrúin imirce éisc. Shainaithin CUÚÁ go gcruthaíonn siolta breise fadhb shuntasach in go leor dár n-uiscebhealaí. D'fhéadfadh foinsí siolta bheith mar chúis le saincheisteanna, dreidireacht, draenáil talún, creimeadh bruach abhann, póitseáil beostoic, uisce a ritheann chun srutha ó thalamh threafa, oibríochtaí foraoiseachta agus baint mhóna ina measc. Déantar plé níos mionsonraithe ar shioltachán sa chéad mhír eile.

Cuireann brúnna hidreamoirfeolaíocha brú mór ar 329 abhainn, 10 n-uisce locha agus sé dhobharlach idiruisce go náisiúnta, agus déantar iad a rangú mar an dara brú mór is forleithne i ndobharlaigh abhann, an séú brú mór is forleithne i ndobharlaigh locha agus an cúigiú brú mór is forleithne i ndobharlaigh idiruisce.



## An méid atá á dhéanamh faoi láthair

Is é an sprioc dheiridh d'Éirinn córas reachtúil níos cuimsithí agus níos comhtháite a chur i bhfeidhm chun gníomhaíochtaí a bhainistiú a imríonn tionchar ar bhail hidreamoirfeolaíoch na timpeallachta uisce, anuas ar chlár athchóirithe a dtugtar tús áite dó d'uiscí a n-imrítear tionchar orthu, faoin tráth a fhoilsítear an tríú PBA i mí na Nollag 2021. Agus sinn ag oibriú i dtreo na sprice seo a bhaint amach, tá clár cuimsitheach oibre ar bhun mar chuid den dara PBA.

Tá stiúradh á dhéanamh ag an GCC ar chlár oibre teicniúil hidreamoirfeolaíocht a chuirfidh tuiscint agus uirlisí feabhsaithe ar fáil chun brúnna fisiciúla a bhainistiú a imríonn tionchar ar dhobharlaigh uisce dromchla amach anseo. Cuirfidh an obair seo, i ndeireadh na dála, le creat rialála daingean a fhorbairt chun brúnna fisiciúla a bhainistiú.

Tá comhchathaoirleacht á déanamh ag an GCC agus OOP ar an nGrúpa Oibre um Bearta Nádúrtha Coinneála Uisce (an BNCU), a bhfuil togra á fhorbairt aige maidir le bearta nádúrtha coinneála uisce aige mar chuid de shraith níos fairsinge de bhearta maolaithe. Cabhróidh an grúpa seo leis an GCC agus le OOP agus cuirfidh sé comhairle ar fáil dóibh maidir le saincheisteanna a bhaineann leis na bearta seo. Tacaíonn tionscadal taighde a chomhchistíonn an GCC-OOP leis an obair seo ar a dtugtar SLOWATERS a fhorbróidh measúnú atá bunaithe ar fhianaise maidir le héifeachtúlacht na saghsanna seo de bhearta ar thalamh thalmhaíochta. Tá roinnt tionscadail taighde eile a thacaíonn leis seo ar bun, chomh maith.

Tá stiúradh á dhéanamh ag Iascaigh Intíre Éireann (IIÉ) maidir le clár teicniúil chun tacú le fardal náisiúnta bacainní a fhorbairt atá ar imirce éisc. Ag eascairt as an obair a rinne IIÉ, meastar go bhfuil thart ar 76,500 gaibhniú uisce ann ar fud an stáit. Tá IIÉ ag oibriú i dtreo an leibhéal riosca a dheimhniú a chruthaíonn gach uile bhacainn ar imirce éisc agus ar an tionchar a d'fhéadfaí a imirt ar stádas éiceolaíochta, dá bharr. Tugann meastacháin tosaigh a rinne IIÉ le fios go bhféadfadh a mhéid le 31% bacainní a chur roimh imirce éisc. Cuirfidh an fardal náisiúnta, nuair a chríochnófar é, bonn faoin thús áite a thabhairt do chlár maolaithe náisiúnta don tríú córas den PBA.

Chuir an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil tús le tionscadal chun measúnú a dhéanamh ar a indéanta atá sé feabhas a chur ar ghluaiseacht éisc ar fud dhobharcheantar na Sionainne.

Tionscadal a chistíonn an AE is ea Catchment Care a bhfuil réimse fairsing comhpháirtithe aige a bhfuil de chuspóir aige feabhas a chur ar cháilíocht an fhionnuisce sna trí abhantrach trasteorann. Díríonn an tionscadal go príomha ar dhul i ngleic le brúnna hidreamoirfeolaíocha.

Tá bearta athchóirithe abhann á gcur i bhfeidhm faoi láthair ag roinnt grúpaí pobail agus Iontaobhais Abhann (e.g. Comhpháirtithe Infheistíochta Comhshaoil (CIC) Dhúiche Ealla, CIC na Maoilchearna, tionscadal athshlánaithe na Camóige, Iontaobhas Aibhneacha Inis Eoghain). Tá roinnt clár níos mó ann, chomh maith, a thacaíonn le feirmeoirí chun feabhas a chur ar bhail hidreamoirfeolaíoch uiscí, ar nós an Tionscadail Diúilicíní Péarla.

## Breithnithe:

- Conas is féidir próisis nádúrtha in uiscí a chosaint agus a athchóiriú?
- An gceapann tú gur cheart fiosrú breise a dhéanamh ar bhearta nádúrtha coinneála uisce, i.e. an sreabhadh a mhoilliú? Conas a d'fhéadfaí na saghsanna seo beart a chur i bhfeidhm?
- Conas ba cheart tús áite a thabhairt do bhacainní reatha ar imirce éisc le haghaidh maolú (baint nó mionathrú chun feabhas a chur ar imirce éisc agus próisis nádúrtha)?

## Naisc úsáideacha

Catchment Care: www.catchmentcare.eu/

Bearta Nádúrtha Coinneála Uisce Éireann Natural Water Retention Measures Ireland (SLOWATERS ina measc): www.nwrmireland.wordpress.com/

Iontaobhas Aibhneacha agus bainistíocht tuilte nádúrtha Inis Eoghain: www.catchments.ie/slow-the-flow-natural-flood-management-in-inishowen/

CIC Dhúiche Ealla: www.irdduhallow.com/environment/duhallow-eip/

CIC na Maoilchearna: www.catchments.ie/the-mulkear-european-innovation-project-eip/

Tionscadal Diúilicíní Péarla: www.pearlmusselproject.ie/

**Saincheist 8:** Sioltachán

# An ithir a choimeád ar thalamh agus amach ó uiscí

## Cúlra / An fáth gur saincheist é seo

Ábhar buartha iad leibhéil sioltacháin atá níos airde ná mar is gnách maidir le gnáthóga éiceolaíochta agus láithreacha sceathraí chomh maith le poill slogaide d'fhosfar agus éilleáin eile.

Bunaithe ar fhianaise ón GCC agus CUÚÁ, sainaithníodh go bhfuil droch-chleachtas maidir le draenáil aibhneacha agus draenáil talún mar chúis le tionchair fhorleathana chomhshaoil. B'ionann brúnna hidreamoirfeolaíocha agus 28% de na dobharlaigh atá i mbaol.Astu seo, ba chainéalú agus draenáil talún ba chúis le 86% de na cásanna. Tá na saghsanna seo gníomhaíochtaí mar chúis le sioltachán méadaithe leapacha abhann, ach go háirithe, a imríonn tionchar ar stádas éiceolaíochta an CTU.

Is iad tionchair hidreamoirfeolaíocha, sioltachán agus saibhriú na príomhbhrúnna is cúis le bail chaomhnaithe a bheith ar dhaonraí Diúilicín Péarla Fionnuisce a rangaítear amhail mífhabhrach.

I measc na bhfoinsí siolta, tá an méid seo a leanas:

- droch-chleachtais talmhaíochta, e.g. draenáil, easpa maolán/idirbharr ar thalamh churaíochta, bóithre feirme agus póitseáil ainmhithe;
- cleachtais talmhaíochta a dhéanann ithir a chreimeadh, e.g. athshíolú;
- droch-chleachtais maidir le cothabháil cainéal a dhéanann difear don hidreolaíocht agus sil-leagan siolta;
- titim bruaigh mar gheall ar easpa imill bhruachánacha;
- oibríochtaí ar a ndéantar drochbhainistíocht i bhforaois leagáide;
- móin a bhaint, agus
- gníomhaíochtaí tógála ar a ndéantar drochbhainistíocht.





## An méid atá á dhéanamh faoi láthair

- Cuireann clár an Clár Tacaíochta agus Comhairle Inbhuanaitheachta Talmhaíochta (an CCTIT) comhairle ar leith ar fáil d'fheirmeoirí maidir le rialú foinse agus an bealach a ghluaiseann caillteanas siolta ón talamh a idircheapadh, chomh maith le cothabháil ar chainéil, ar aon dul le 10 gcéim OOP/IIÉ.
- Thug an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara beartais agus reachtaíocht foraoiseachta isteach agus chuir siad scéimeanna foraoiseachta chun cinn chun ionchur siolta in uiscí a mhaolú.
- Iarrtar sa Chlár Gníomhaíochta Níotráite nuathreisithe (2018-2021) go mbíonn bóithre feirme dronnach amach ó shruthchúrsaí i measc feirmeacha maolaithe ó Eanáir 2021.
- D'fhorbair an GCC clár oibre teicniúil don tréimhse 2017–2021 chun feabhas a chur ar mhodhanna measúnaithe agus ar eolas ar an mbail fhisiciúil atá ar uiscí dromchla, sioltachán ina measc, a bhuntacóidh le rialuithe rialála agus le bearta maolaithe éifeachtacha le haghaidh réimse gníomhaíochtaí a imríonn tionchar ar bhail fhisiciúil uiscí dromchla.
- Leanfaidh OOP le dea-chleachtas a chur i bhfeidhm i rith oibreacha cothabhála draenála.
- Tá deireadh á chur ag Bord na Móna de réir a chéile le móin a bhaint chun fuinneamh a tháirgeadh faoin mbliain 2030 agus lorgóidh sé chun na bearta maolaithe is fearr atá ar fáil a chur i bhfeidhm.
- Na tionscadail taighde, SILTFLUX agus COSAINT a chistigh an GCC a fhoilsiú.
- Is dóchúil go gcruthóidh an tionscadal taighde SLOWATERS a chistíonn an GCC tairbhí iolracha chun bealaí tuile agus siolta araon a idircheapadh.
- Sainaithníodh oibreacha draenála in OUPÚÁ mar rud a imríonn tionchar suntasach ar an mbail fhisiciúil atá ar na haibhneacha, gnáthóg éiceolaíochta a chailleadh agus sioltachán méadaithe ina measc.
- Bunaíodh grúpa oibre Draenála mar fhoghrúpa den Ghrúpa Oibre Náisiúnta Hidreamoirfeolaíochta.
- Anuas air sin, tá athbhreithniú á dhéanamh ar an gcreat rialála le haghaidh draenáil bogach agus draenáil talún faoi láthair.

## Breithnithe:

- An gceapfá go ndéanfadh bearta rialaithe foinse, ar nós idirbharr le haghaidh curaíochta agus imill chuí bhruachánacha, cosc a chur ar chaillteanas ithreach (siolta agus cothaithigh) ón talamh agus bithéagsúlacht a mhéadú?
- An gceapfá go ndéanfadh plean bainistíochta talún caillteanais siolta agus cothaitheach le huiscí a laghdú? D'fhéadfaí a áireamh leis seo bearta ar nós draenála i dtreo limistéar atá íseal agus fliuch mar gheall ar a gcineál; bloic dhraenála/gaistí siolta a úsáid.
- Cad eile ba cheart dúinn breithniú a dhéanamh air?

## Naisc úsáideacha

10 gCéim OOP a fhad le Comhshaoil atá Neamhdhíobhálach don Chomhshaol
www.opw.ie/media/OPW%20Environmental%20Management%20Protocols%20&%20SOPs%20April%202011.pdf

SILTFLUX: www.epa.ie/pubs/reports/research/water/research230.html

COSAINT: www.epa.ie/pubs/reports/research/land/research260.html

SLOWATERS: www.nwrmireland.wordpress.com/

**Saincheist 9:** Sláinte Phoiblí / Cáilíocht an Uisce Óil

# Foinsí uisce óil a chosaint

## Cúlra / An fáth gur saincheist é seo

Baineann tábhacht lenár bhfoinsí uisce óil a chosaint (breis agus 1,000 soláthar poiblí agus breis agus 700 soláthar príobháideach) le cáilíocht ár soláthairtí uisce óil a chinntiú agus le sláinte phoiblí a chosaint. Tugadh chun solais le linn teagmhais soláthair uisce phoiblí a tharla le déanaí ina raibh uisce a bhí éilithe ag lotnaidicídí agus an riosca i leith éilliú Cripteaspóiridiam agus Giardia cé chomh tábhachtach atá sé chun amhuisce a chosaint agus chun cóireáil éifeachtach uisce a chinntiú. Is féidir le huisce a chosaint laistigh den dobharcheantar an brú a laghdú atá ar shaoráidí cóireála uisce agus an gá a laghdú atá le próisis chóireála níos costasaí agus príomhchuid é de chur chuige an phlean sábháilteachta uisce óil ilbhacainne.

Cé go bhfuil cáilíocht an uisce óil in Éirinn an-mhaith, de ghnáth, bhí fiosrú a dhéanamh ag an GCC ar 42 soláthar poiblí mar gheall ar leibhéil sháraitheacha lotnaidicídí, go háirithe MCPA, a úsáidtear chun luachair a spraeáil in ithreacha atá drochdhraenáilte. Liostaítear ocht gcinn mar sholáthairtí a dtugtar tús áite dóibh chun saincheisteanna MCPA a mhaolú, amhail Meán Fómhair 2019. Ní raibh díghalrú dóthanach ag dhá sholáthar déag, chomh maith leis sin, chun cosaint a dhéanamh in aghaidh baictéar agus seadán. Fadhb é leibhéil sháraitheacha de Thríhalaimeatáin mar thoradh ar chlóirín i roinnt dobharcheantair mhóinteacha.

Níl cáilíocht soláthairtí uisce príobháideacha, cé go bhfuil feabhas ag teacht air, a fheabhas go fóill agus atá soláthairtí poiblí (96-97% i gcomparáid le breis agus 99%). Príomh-shaincheisteanna iad bearta neamhleora cláraithe, monatóireachta agus cosanta maidir le soláthairtí príobháideacha, go háirithe soláthairtí beaga príobháideacha.

Thug Ionad Faireachais um Chosaint Sláinte Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (an IFCS) le fios go bhfuil líon méadaitheach de chásanna d'ionfhabhtú VTEC ann in Éirinn. Tá an líon is mó cásanna d'ionfhabhtú VTEC san Eoraip in Éirinn. Foirm de bhaictéir atá an-nimhneach is ea VTEC (Verocytotoxigenic E. coli) ar féidir leis bheith mar chúis le buinneach throm agus crampaí boilge. Tá sé an-bhaolach do leanaí faoi chúig bliana d'aois nó do dhaoine aosta. Baineann breis agus 80% de chásanna bunscoile le huisce éilithe. Tá baol i bhfad níos mó roimh thomhaltóirí uisce ó thoibreacha teaghlaigh go dtiocfaidh ionfhabhtú VTEC orthu ná iad siúd a ólann uisce ó sholáthairtí príomhphíobáin phoiblí nó phríobháidigh.

## Naisc úsáideacha

watersandcommunities.ie catchments.ie.

Tuarascáil an GCC maidir le hUisce Óil 2018:

www.epa.ie/pubs/reports/water/drinking/EPA%20DW%20Public%20Supplies_web.pdf

www.epa.ie/pubs/reports/water/drinking/focusonprivatewatersupplies2017.html

www.housing.gov.ie/water/water-quality/river-basin-management-plans/river-basin-management-plan-2018-2021

www.housing.gov.ie/water/water-services/rural-water-programme/minister-murphy-announces-capital-investment-funding

Eolas faoi sholáthar uisce óil ó Uisce Éireann:: https://www.water.ie/water-supply/

www.housing.gov.ie/sites/default/files/publications/files/dhplg_sectoral_adaptation_plan_final_en.pdf

An Tionscadal The Source to Tap:
www.sourcetotap.eu/

Cónaidhm Náisiúnta na nGrúpscéimeanna Uisce:
https://nfgws.ie/

## An méid atá á dhéanamh faoi láthair

### Foinse Uisce Óil a Chosaint:

Tugadh cuntas sa dara Plean Bainistíochta Abhantraí (2018-2021) ar na bearta atá á stiúradh ag Uisce Éireann, Cónaidhm Náisiúnta na nGrúpscéimeanna Uisce (CNGSU), an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil chun feabhas a chur ar Limistéir Chosanta Uisce Óil (LCUÓanna) a chosaint. Áiríodh leo seo glacadh le cur chuige an Phlean Sábháilteachta Uisce Óil, comhoibriú ina measc idir na páirtithe leasmhara ábhartha. Tá dul chun cinn maith déanta anois ag obair theicniúil chun measúnuithe riosca foinse a chríochnú. Tá roinnt tionscadail phíolótacha á dtabhairt chun cinn, chomh maith, chun rioscaí dobharcheantair a bhainistiú.

Cé go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh ag an obair a tosaíodh mar chuid den dara PBA, cruthóidh an chéad chéim eile na dúshláin seo a leanas a mbeidh gá leis dul i ngleic leo mar chuid den tríú PBA (2022-2027);

- Is casta do bhearta bainistíochta dobharcheantair chun foinsí uisce óil a chosaint. Baineann réimse fairsing páirtithe leasmhara leis, soláthraithe seirbhíse uisce óil, údaráis rialála, an earnáil talmhaíochta, tionscail agus pobail áitiúla ina measc. Tá athchóiriú ar na samhlacha rialachais agus soláthair sna hearnálacha seirbhísí uisce poiblí agus príobháideacha ar bun. A luaithe a bhaineann na hathruithe seo cobhsaíocht amach, is dóchúil go mbeidh reachtaíocht bhreise ag teastáil chun an méid seo a leanas a dhéanamh: (1) a chumasú chun criosanna cosanta a ainmniú go dlíthiúil, sa chás gur cuí, (2) foráil a dhéanamh do bhearta treisithe cosanta laistigh de na criosanna seo, agus (3) freagrachtaí dlíthiúla a shannadh maidir le huiscí óil a chosaint trí chriosanna cosanta.
- Beidh meicníochtaí láidre agus éifeachtacha ag teastáil idir páirtithe leasmhara.
- Mar gheall go bhfuil brúnna méadaitheacha ar LCUÓanna, ar nós éileamh méadaithe ó dhaonraí atá ag dul i méid agus ó ghníomhaíochtaí geilleagracha agus tionchair an athraithe aeráide (e.g. rith chun srutha méadaithe truailleáin agus acmhainní uisce laghdaithe atá ar fáil), beidh monatóireacht agus bainistíocht leanúnach le déanamh ar sholáthairtí uisce le himeacht ama.
- Beidh bainistíocht éifeachtach le déanamh ar ghníomhaíochtaí ardriosca i limistéir foinse criticiúla atá laistigh de chriosanna cosanta. Beidh socruithe comhpháirtíochta ag teastáil uaidh seo idir páirtithe leasmhara criticiúla lena chinntiú gníomhaíochtaí agus cleachtais bhainistíochta talún comhoiriúnach do agus go gcuireann siad, más féidir, go dearfach le foinsí uisce óil a chosaint.
- Is éagsúil iad na rioscaí ata roimh screamhuisce agus uisce óil uisce dromchla ó thaobh cineáil de agus is dóchúil go dteastóidh cur chuige éagsúil bainistíochta uathu.
- Bainfidh tábhacht le ceachtanna a foghlaimíodh ó na tionscadail phíolótacha éagsúla atá ar bun faoi láthair chun eolas a chur ar fáil do ghníomhartha amach anseo chun foinsí uisce óil a chosaint.
- Teastaíonn díriú ar leith chun feabhas a chur ar chlárú, monatóireacht agus cosaint soláthairtí uisce príobháideacha beaga, mar gheall ar an gcaighdeán níos ísle a bhíonn acu go comhsheasmhach agus mar gheall ar easnaimh eolais san fhoghrúpa seo soláthairtí.
- Teastaíonn díriú níos mó chun toibreacha teaghlaigh a chosaint ón mbaol a chruthaíonn éilliú VTEC. Tá sé ríthábhachtach go ndéantar tobar a úsáidtear mar fhoinse uisce a thógáil agus a chosaint i gceart chun cosc a chur ar éilliú ag VTEC. Is féidir leis seo tarlú nuair a scaiptear sciodar ainmhí i ngar nó mar gheall ar dhabhcha séarachais a dhéantar a shuíomh in áit mhí-oiriúnach agus/nó nach ndéantar cothabháil mhaith orthu.

## Breithnithe:

- Cad is féidir linn a dhéanamh chun feabhas a chur ar athléimneacht ár soláthairtí uisce óil agus a n-éiceachóras gaolmhar? Conas is féidir le hathrú aeráide tionchar a imirt ar an athléimneacht seo?
- Cé ar cheart dó cosaint foinse uisce óil a chur i bhfeidhm? Conas is féidir cur chuige comhoibritheach sa dobharcheantar a chothú? Conas is féidir linn idirchaidreamh a dhéanamh le húinéirí talún agus leis an bpobal i gcoitinne?
- Conas is féidir linn na comhthairbhí a bhaint a chruthaíonn cosaint foinse, na comhthairbhí ina measc sin don bhithéagsúlacht agus don aeráid?
- Conas a dhéanfá cur síos ar ár meon i dtaobh úsáid uisce agus an luach atá ar uisce? Conas a d'fhéadfaimis an limistéar seo a fhorbairt?

**Saincheist 10:** Speicis Choimhthíocha Ionracha

# Stop a chur le Speicis Choimhthíocha Ionracha

## Cúlra / An fáth gur saincheist é seo

Cruthaíonn speicis neamhdhúchasacha ionracha bagairt dár mbithéagsúlacht, feidhmeanna ár n-éiceachórais agus cruthaíonn siad costas dár ngeilleagar. Is féidir le speicis neamhdhúchasacha a tugadh isteach cibé acu d'aon turas nó go neamhbheartaithe sa timpeallacht uisceach éirí an-ionrach, agus is minic nach féidir deireadh a chur leo agus is minic go mbíonn sé deacair iad a rialú agus a shrianadh. Is féidir le speicis ionracha i limistéir uisceacha agus bhruachánacha éiceolaíocht agus struchtúr na timpeallachta a athrú, ar na bealaí seo a leanas ina measc: éagsúlacht speiceas dúchasach a laghdú; cur le tuile; bruacha abhann a éagobhsú; teacht ar an dobharlach a laghdú; tionchar a imirt ar shláinte éisc agus difear a dhéanamh do gheilleagair áitiúla.

Ó na 1980idí, tá ráta mear méadaithe ag teacht ar na speicis atá á dtabhairt isteach sa timpeallacht fionnuisce agus de réir na dtuartha, speicis fionnuisce iad 6 speiceas as na 10 speiceas is mó is dóchúla a thiocfaidh i dtír, a bhunóidh daonraí agus a éireoidh an-ionrach.

## An méid atá á dhéanamh faoi láthair

Teastaíonn bearta chun cosc a chur ar speicis nua a thabhairt isteach agus chun daonraí reatha a shrianadh agus a rialú chun an tionchar diúltach a imríonn siad a laghdú. Chun é seo a dhéanamh go héifeachtach, teastaíonn cur chuige straitéiseach a chuimsíonn an leibhéal náisiúnta, ceantar abhantraí, dobharcheantair agus suímh ina ndéantar iarracht a chomhordú i measc go leor comhlachtaí poiblí, príomhpháirtithe leasmhara agus an phobail i gcoitinne. Saincheist shuntasach gheilleagrach, bhithéagsúlachta, agus sláinte, i gcásanna áirithe, iad speicis neamhdhúchasacha i dtaobh bainistíocht uisce in Éirinn agus cruthaíonn siad bagairt óna dteastaíonn freagairt mhór.

Ba é an leathadh a tháinig le déanaí ar phlá na ngliomach sampla d'fhreagairt chomhordaithe do speicis choimhthíocha ionracha. Fungas uisce-iompartha (Aphanomyces astaci) is cúis leis an ngalar a rinne an gliomach fionnuisce dúchasach a ghalrú, ar speiceas cosanta é. Tháinig leathadh ar an ngalar go dtí roinnt dobharcheantar ar fud na tíre; Abhainn na Siúire, an Daoil, Abhainn Lothra, Abhainn na Bearú, Abhainn na Broscaí, Abhainn na hAille, an Mháigh, Abhainn an Chláir agus Abhainn na Feoire. Rinne an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (an SPNF), OUPÚÁ agus an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta iarrachtaí móra chun feasacht a mhúscailt ar láithreacht an ghalair agus chun bearta bithshlandála a chur chun cinn chun cosc a chur ar a leathadh níos mó.

Thug an SPNF scéim isteach in 2018 faoin bPlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Náisiúnta chun díriú go sonrach ar speicis choimhthíocha ionracha. Faoin scéim, is féidir le húdaráis áitiúla tionscadail a chur san áireamh ina n-iarratais ar thionscadail a dhíríonn ar speicis choimhthíocha ionracha ina limistéir. Teastaíonn níos mó, áfach, agus rinne na dúshláin a tháinig aníos i bhfeachtas phlá na ngliomach an gá a thabhairt chun solais atá le feabhas mór a chur ar an gcur chuige comhoibritheach go náisiúnta chun cosc a chur ar speicis choimhthíocha ionracha a thabhairt isteach agus a leathadh go ginearálta.



Breallach Áiseach



Balsam Himiléach

## Breithnithe:

- I do thuairim, cén speiceas ionrach é an t-ábhar buartha is mó in Éirinn?
- Cad eile a d'fhéadfaí a dhéanamh chun cabhrú le cosc a chur ar thabhairt isteach agus leathadh speiceas ionrach bruachánach ar leibhéal náisiúnta?
- Conas is féidir le feasacht ar speicis ionracha ar leibhéal áitiúil a fheabhsú?

## Naisc úsáideacha

www.biodiversityireland.ie/projects/invasive-species

www.invasivespeciesireland.com

## **Saincheist 11:** Ceimiceáin Ghuaiseacha

# Ceimiceáin ghuaiseacha a choimeád amach ó uisce

### Cúlra / An fáth gur saincheist é seo

Ceimiceáin ghuaiseacha, lotnaidicídí, cógaisíocht agus substaintí sintéiseach eile a úsáidtear i réimse fairsing gnáth-tháirgí idir feidhmeanna tí, garraíodóireachta agus talmhaíochta agus gach feidhm a fhad le próisis thionsclaíocha ar scála mór. Cé go bhfuil tromlach mór na gceimiceán a dtagtar orthu faoi láthair in uiscí faoi bhun leibhéil bhuartha, tá líonta méadaitheacha díobh ann agus tá líonta méadaitheacha díobh á scaoileadh isteach in uiscí. Sin an fáth gur gá dúinn bheith ag smaoineamh faoi conas a bhainstímid na ceimiceáin seo amach anseo. Ní féidir leis na teicneolaíochtaí reatha cóireála fuíolluisce thionsclaíoch nó uirbigh iad a bhaint go hiomlán i gcónaí agus mura féidir na teicneolaíochtaí seo iad a bhaint, d'fhéadfadh an costas a bhíonn ar a mbaint go hiomlán ar bhealaí eile a bheith róchostasach. Féadtar na ceimiceáin seo a scaoileadh isteach sa timpeallacht níos fairsinge mar gheall ar dhoirteadh, sa mhullach ar dhoirteadh foinse neamh-phoncfhoinse, ar nós uisce stoirme nó sreafaí thar thír. Deimhníodh go mbíonn roinnt díobh seo mar chúis le héifeachtaí tocsaineolaíocha agus is féidir leo teacht orthu go seasmhach sa timpeallacht agus cnuasaítear iad, i ndeireadh na dála, in ainmhithe agus/nó inár slabhraí bia nó baineann siad foinsí uisce óil amach.

Leantar le dlús íseal de roinnt lotnaidicídí, Meiceapróp, MCPA agus 2 4-D ina measc, a bhrath i measc líon mór suíomhanna monatóireachta abhann fad a bhíonn gnáthmhonatóireacht á déanamh. Braitheadh i staidreamh scóipe a rinne an GCC le déanaí in 2017-2018 go raibh an fheithidicíd Cipirmeitrinin in aibhneacha ag roinnt mhaith láithreacha ar fud na hÉireann agus cuireadh an tsubstaint seo leis an gclár monatóireachta náisiúnta le déanaí. Is eol go mbaintear gnáthúsáid as meiceapróp, MCPA, 2,4-D agus cipirmeitrinin in Éirinn.

Tá thart ar 3,000 comhábhar gníomhach cógaisíochta ar an margadh agus tá méadú faoi cheathair tagtha ar dhíolacháin ó bhí 1990 ann. Ní féidir le tromlach na ngnáthionaid cóireála fuíolluisce uirbigh in ann an comhábhar gníomhach agus dlús comhshaoil na n-ábhar go léir seo a bhaint, agus is dóchúil go dtiocfaidh méadú orthu de réir mar a thagann borradh ar an daonra. D'fhéadfadh nach gcruthaíonn aon cheann ar leith de na héilleáin seo ábhar buartha i dtaobh sláinte dhaonna de, go háirithe ar na leibhéil ísle a dtagtar orthu, ach teastaíonn taighde breise ón éiginnteacht faoi thocsaineacht fhéideartha mheascán de na héilleáin siúd i leith fiadhúlra.



## An méid atá á dhéanamh faoi láthair

- Bunaíodh an Grúpa Ceimice na Timpeallachta Uiscí Náisiúnta (an GCTUN) chun saineolas náisiúnta ar cheimiceáin náisiúnta sa timpeallacht uisceach a thabhairt le chéile, agus chun cur chuige straitéiseach nua níos cliste a ghlacadh i leith ceimiceáin ghuaiseacha a bhainistiú sa timpeallacht uisceach amach anseo.
- Bunaíodh clár náisiúnta monatóireachta do shubstaintí a dtugtar tús áite dóibh agus do shubstaintí ar leith. Tá an clár ag teacht chun cinn chun freastal ar ábhair nua, ar féidir iad a chur san áireamh ar leibhéal AE nó ar leibhéal náisiúnta.
- Déanann an Rannán Cláraithe agus Rialaithe Lotnaidicídí den RTBM na lotnaidicídí a rialaítear a úsáidtear in Éirinn agus déanann sé an Treoir maidir le hÚsáid Inbhuanaithe a bhaint as Lotnaidicídí a chur i bhfeidhm. Tá sé éigeantach go ndéantar úsáideoirí gairmiúla lotnaidicídí (feirmeoirí agus daoine eile) a chlárú agus go gcuirtear oiliúint orthu, agus go gcuirtear criosanna maolánacha i bhfeidhm maidir le pointe astarraingthe uisce óil.
- Cuireann an Grúpa Gníomhaíochta Lotnaidicídí in Uisce Óil (an GGLUO) ardán ar fáil le haghaidh comhoibriú i measc comhlachtaí stáit, comhlachtaí tionscail agus feirmeoireachta chun uiscí nádúrtha agus uiscí óil a chosaint ó éilliú ag lotnaidicíd. Dhírigh an Grúpa i dtosach ar MCPA agus bhain sé roinnt ratha amach go dtí seo.
- Leanfaidh an GCC lena acmhainneacht anailíseach a athbhreithniú agus a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar cheimiceáin ghuaiseacha i ndobharlaigh na hÉireann chun aon substaintí guaiseacha nua a dtugtar tús áite dóibh agus aon substaintí guaiseacha nua a chur san áireamh a shonraíonn an Coimisiún nó truailleáin ar leith a sainaíodh go sonrach d'Éirinn a chur san áireamh.

## Breithnithe:

- Conas is féidir eolas ar staitisticí reatha úsáide earnála lotnaidicíde (Talmhaíocht, údaráis áitiúla, foraoiseacht, conláistí agus intíre (an teach agus an gairdín)) a fheabhsú chun cabhrú le measúnú a dhéanamh ar rioscaí d'uisce i limistéir dhobharcheantair?
- Conas is féidir tionchar a imirt ar iompar saoránach maidir le diúscairt shábháilte cógais agus an t-iompar sin a athrú? Cén bearta eile is féidir a dhéanamh chun cosc a chur ar chógas ó ionaid chóireála fuíolluisce a bhaint amach?
- Conas is féidir tomhaltóirí a spreagadh chun táirge cúraim phearsanta a roghnú atá sábháilte don timpeallacht?

## Naisc úsáideacha

Tuarascáil ar cháilíocht uisce an GCC:
www.epa.ie/pubs/reports/water/waterqua/waterqualityinireland2013-2018.html

## **Saincheist 12:** Brúnna Uirbeacha

# Bailte agus cathracha a dhéanamh níos comhoiriúnaí do cháilíocht mhaith uisce

### Cúlra / An fáth gur saincheist é seo

Is éagsúil agus iomadúil do na tionchair a imrítear ar aibhneacha inár mbailte agus cathracha. Cruthaíonn draenáil uisce dromchla agus fuíolluisce, an t-iompar, tionscail, tithíocht, etc. truailliú.

Áirítear le brúnna uirbeacha doirteadh eisilteach fuíolluisce nach ndéantar a chóireáil go leordhóthanach, doirteadh eatramhach ó fhorsceitheadh uisce stoirme agus uisce uirbeach a ritheann chun srutha (i.e. droch-cheangail ó cheangail phríobháideacha bhréana le séaraigh stoirme, sceitheadh ó shéaraigh agus uisce a ritheann chun srutha ó dhromchlaí pábháilte agus neamhphábháilte). Tá easnaimh ann in go leor séaraigh phoiblí agus ionaid chóireála, mar gheall ar leagáid tearcinfheistíochta. Dá réir sin, doirtear fuíolluisce ó roinnt limistéar isteach sa timpeallacht gan cóireáil ná bailiú dóthanach a dhéanamh, a chuireann brú suntasach ar an timpeallacht uisce nádúrtha. Is féidir uisce a ritheann chun srutha ó dhromchlaí pábháilte agus neamhphábháilte truailleáin a ghineadh agus brú méadaithe a chur ar chórais bhailithe fuíolluisce. Príomhfhoinse fhéideartha iad brúnna uirbeacha de chothaithigh (fosfar agus nítrigin) agus pataigin (orgánaigh is cúis le galar).

Meastar gur brú suntasach iad brúnna uirbeacha i measc 327 abhainn, 17 loch, 24 dobharlach idiruisce agus ceithre dhobharlach uisce cósta go náisiúnta.

Thug taighde le fios go mbíonn éifeacht uileláithreach ag gníomhaíochtaí an duine, athrú aeráide agus fás an daonna i gceantair uirbeacha le himeacht na mblianta ar cháilíocht an uisce dromchla, athrú agus laghdú ghnáthóige sa bhithéagsúlacht mar gheall ar an ualach suntasach truailleán ó phoncfhoinsí agus foinsí idirleata. Sainaithníodh na brúnna a chruthaíonn Fuíolluisce Uirbeach, an Tionscal agus Uisce Uirbeach a ritheann chun Srutha, i dteannta a chéile, mar an riosca ag a bhfuil an dara rangú is airde i leith ár n-aibhneacha agus ár ndobharlach idiruisce nach mbainfidh siad stádas maith amach sa PBA den dara córas. Mar gheall ar mhéaduithe ar chumhdach neamh-thréscaoilteach mar gheall ar uirbiú, teastaíonn cur chuige iomlánaíoch i dtaobh pleanála, tuile, gréasáin uisce dromchla, bithéagsúlachta, hidreamoirfeolaíochta agus cháilíocht an uisce ó bhainistíocht a dhéanamh ar abhainn uirbeach i láthair na linne seo.

Mar gheall go bhfuil uirbiú ag dul i méid, bearta ríthábhachtacha iad athchóiriú abhann agus úsáid a bhaint as Bonneagar Glas chun aibhneacha a fheabhsú agus a chothabháil inár mbailte agus cathracha don ghlúin amach anseo. Iompraíonn uisce uirbeach a ritheann chun srutha truailleáin ó bhóithre, limistéir phoiblí agus ó dhíonta go príomha trí lintéir agus píobán uisce dromchla chuig an abhainn. Cruthófar tairbhe i dtaobh cháilíocht an uisce agus tuile a chosc inar dtimpeallachtaí uirbeacha trí bheartais bhonneagair ghlais d'fhorbairtí nua agus trí limistéir reatha a iarfheistiú



## An méid atá á dhéanamh faoi láthair

- Infheistíocht ag Uisce Éireann lena chinntiú go gcomhlíontar an Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh go hiomlán. I gcaitheamh na tréimhse ó 2017 go 2021, infheisteoidh Uisce Éireann thart ar €1.7 billiún i dtionscadail, cláir agus cothabháil sócmhainní fuíolluisce. Críochnófar tionscadail in 255 ceantar uirbeach, a chuirfidh feabhas ar cháilíocht an uisce agus a bhainfidh comhlíonadh cheanglais na Treorach maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh amach. Ullmhófar pleananna limistéar draenála do 44 ceantar uirbeach agus bainfidh dobharlaigh tairbhe as feabhsaithe fheabhsaithe ghléasra mar thoradh ar an bpróiseas a bharrfheabhsú agus ar mionoibreacha.
- Déanfaidh OOP, an GCC agus IIÉ etc. staidéar agus measúnú ar thionchair hidreamoirfeolaíochta.
- Treoir ardleibhéil d'Údaráis Pleanála maidir leis an gcaidreamh idir pleanáil fhisiciúil agus plean bainistíochta abhantraí le comhsheasmhacht cheanglais an CTU a chinntiú.
- Pleananna um Ghníomhaíochta ar son na hAeráide ina gcuimsítear saincheisteanna cháilíocht an uisce i gceantair uirbeacha.
- Leanfaidh an GCC le doirteadh fuíolluisce ó cheantair uirbeacha a údarú agus a rialáil, agus an fhianaise fheabhsaithe á cur san áireamh a fuarthas i rith an dara córas bainistíochta abhantraí.
- Bainistíocht agus rialú fadtéarmach Speicis Choimhthíocha Ionracha.

Cruthaíonn bainistíocht abhantrach uirbeach dúshlán ar leith mar gheall go gcuireann athrú aeráide agus borradh tuartha ar an daonra sna limistéir seo brúnna breise air.

Rachaidh go leor de na bearta a dtugtar cuntas orthu thuas atá ar bun faoi láthair chun sochair dobharcheantair uirbeacha. Anuas air sin, tá gá le glacadh le cur chuige níos cuimsithí agus níos straitéisí i leith tabhairt faoi athshlánú abhann i gceantair uirbeacha anuas ar na deiseanna a scrúdú chun córais draenála agus bonneagar glas níos inbhuanaithe a chorprú.

## Breithnithe:

- Conas is fearr is féidir Bonneagar Glas a chur i bhfeidhm in Éirinn chun tairbhe a chruthú do cháilíocht an uisce agus chun tuile i mbailte agus i gcathracha a mhaolú?
- Cad iad na saincheisteanna ar leith a bhaineann le hathchóiriú abhann i measc aibhneacha uirbeacha, agus an bhfuil na gníomhartha cuí á gcur i bhfeidhm againn?
- An bhfuil aon bhuarthaí breise ann maidir le brúnna uirbeacha nach bhfuil breithniú á dhéanamh orthu faoi láthair in Éirinn?
- Cén gníomhartha eile a cheapann tú a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm chun truailliú uiscí, mar thoradh ar bhrúnna uirbeacha, a laghdú?

## Naisc úsáideacha

www.watersandcommunities.ie

www.catchments.ie

Plean Gnó Uisce Éireann: www.water.ie/docs/Irish-Water-Business-Plan.pdf

Iarratas ar Dhoirteadh Fuíolluisce, Údarú nó Eolas faoin gComhshaol: www.epa.ie/terminalfour/wwda/index.jsp

# **Cuid 5:** Saincheisteanna Eile

Fad a bhí an cháipéis chomhairliúcháin seo á hullmhú, cuireadh ceardlann réamhchomhairliúcháin ar siúl an 19 Samhain 2019 i gCaisleán Bhaile Átha Cliath do phríomhpháirtithe leasmhara. Thug roinnt páirtithe leasmhara roinnt saincheisteanna breise chun solais i rith an phlé. Bhain a bhformhór leis na saincheisteanna a ndéantar cur síos orthu i gCuid 4 agus rinneadh iad a chorprú dá réir. Ba shaincheisteanna eile cinn eile nach raibh ach eolas teoranta ar fáil dóibh a fhad le tráth an fhoilsithe. Déanfar fiosrú breise ar na saincheisteanna seo, áfach, sna míonna amach romhainn lena dheimhniú cibé acu an dteastaíonn nó nach dteastaíonn gníomh breise uathu agus cibé acu an gá nó nach gá dul i mbun an ghnímh sin faoin tríú Plean Bainistíochta Abhantraí nó trí mheicníochtaí eile níos cuí.

### I measc na saincheisteanna eile, ar gá fiosrú breise a dhéanamh orthu lena dtábhacht a dheimhniú, tá an méid seo a leanas:

**Dobharshaothrú** – Tugadh roinnt buarthaí chun solais maidir le gnéithe den tionscal dobharshaothraithe in Éirinn, is é sin, feirmeoireacht iasc eite agus sliogéisc. I gcás feirmeoireacht iasc eite, d'fhéadfadh rioscaí a bheith ann maidir le stádas dobharlach ina n-oibríonn na tionscail. Cé go bhfuil an earnáil faoi réir próiseas údaraithe, b'fhéidir go mbeidh gá le scrúdú breise a dhéanamh ar fheidhmíocht chomhshaoil na hearnála. Féadtar a áireamh leis an tionchar a imríonn feirmeoireacht iasc eite, nuair nach gcuirtear dea-chleachtas inbhuanaithe i bhfeidhm, tionchair ar cháilíocht an uisce, an bhithéagsúlacht, an bhail atá ar ghnáthóga áitiúla, rioscaí ó lotnaidicídí a úsáid agus bagairtí a chruthaíonn speicis neamhdhúchasacha a tugadh isteach.
Maidir le feirmeoireacht sliogiasc, bhain an phríomhbhuairt le héilliú féideartha a dhéanamh ar shliogiasc mar thoradh ar ghníomhaíochtaí talamhbhunaithe, go háirithe doirteadh fuíolluisce.

**Baictéir atá Frithsheasmhach in aghaidh Frithmhiocróbán (FSF) i bhfuíolluisce** - Tá baictéir atá frithsheasmhach in aghaidh frithmhiocróbán á dtabhairt faoi deara níos minice agus tá éilleáin fhorleathana i measc ainmhithe feirme agus dramhaíl dhaonna fhaecach ag teacht chun solais. Tá buarthaí méadaitheacha ann, chomh maith, faoin ról a d'fhéadfadh an timpeallacht a ghlacadh i dtaobh frithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach a bhaineann le cúrsaí cliniciúla. Déanann rialaitheoirí comhshaoil roinnt de na conairí féideartha a mhonatóiriú agus a rialú atá freagrach as ábhair fhrithmhiocróbacha a scaoileadh isteach sa timpeallacht, e.g. trí éilliú uisce agus uisce talmhaíochta a ritheann chun srutha. Cuirfidh tuiscint níos fearr, áfach, ar go leor de na príomh-shaincheisteanna maidir le ról na timpeallachta feabhas breise ar chosaint a sholáthar don timpeallacht ó ábhar frithmhiocróbach.

# Cuid 6: Cuimhnigh chun Freagairt - Teastaíonn d'ionchur uainn

Is spéis leis an Roinn a bheith curtha ar an eolas ar do chuid dearcthaí ar ábhar na cáipéise seo agus ar na saincheisteanna móra bainistíochta uisce a bhfuil Éire le dul i ngleic leo.

Faoi mar a tugadh faoi deara ní ba luaithe, cabhróidh d'ionchur an chéad Phlean Bainistíochta Abhantraí eile agus múnlóidh sé bainistíocht fhoriomlán na timpeallachta uisce in Éirinn.

Is tábhachtach an bhéim a leagan air gur féidir le haon duine aonair nó grúpa páirt a ghlacadh agus cuireann an Roinn fáilte roimh agus spreagann sí rannpháirtíocht i measc gach duine sa phróiseas comhairliúcháin seo.

Tá spéis ar leith ag an Roinn chun d'aiseolas a fháil maidir le ceisteanna ar leith a shainaithnítear do gach ceann de na saincheisteanna a dtugtar cuntas orthu i gCuid 4 den cháipéis seo. Ní gá duit freagairt gach ceist sa chomhairliúchán a fhreagairt, áfach. Má tá ábhar ar leith spéise agat, is fútsa atá sé gan ach na ceisteanna siúd a fhreagairt.

Más mian leat an suirbhé seo a chomhlánú i nGaeilge, is féidir teimpléad freagartha comhairliúcháin a íoslódáil ón nasc sa mhír 'Cáipéisí' ar an leathanach gréasáin seo. Ba cheart teimpléid chomhlánaithe a sheoladh ar ríomhphost chuig: rbmp@housing.gov.ie.

Tá fáilte romhat, chomh maith, chun aon dearcthaí, tráchtanna nó breathnóireacht eile is mian leat a sheoladh ar ais. Is fearr seo a dhéanamh tríd an suirbhé ar líne nó, mar mhalairt air sin, sa teimpléad a chuirtear ar fáil. Spreagtar thú, áfach, go mbeidh an cuntas a thugann tú ar do dhearcthaí chomh gearr agus chomh gonta agus is féidir.

Is é an deiridh dáta chun freagairtí a fháil scor gnó Dé hAoine, an 26 Meitheamh 2020. Aithneofar go bhfuarthas aighneachtaí ach ní bheidh sé indéanta freagairtí aonair a eisiúint.

tithiocht.gov.ie

An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland